



CREAT LE HAGHAIDH SLÁINTE AGUS FOLLÁINE FHEABHSAITHE
2013 – 2025

RÉAMHRÁ AN TAOISIGH



Tá go leor ar fiú a bheith sona faoi againn in Éirinn; tá méadú ag teacht ar an daonra, tá méadú ag teacht ar an ionchas saoil, tá feabhsú tagtha ar bhásmhaireacht naíonán, básanna d'aile agus galair chroí. Is cinnte go bhfuil fadhbanna móra eacnamaíocha agus airgeadais againn faoi láthair, ach táimid ag obair go dógraiseach mar Rialtas le dul i ngleic leo seo agus tá ag éirí linn.

Ach ní leor dul chun cinn eacnamaíoch ina aonar. Tá sochaí bheoga uainn in Éirinn, áit a bhfuil gach duine páirteach agus iad ag brath go bhfuil siad mar chuid de rud éigin. Is codanna ríthábhachtacha de seo iad sláinte agus folláine. Tá an chuid is mó dár stádas feabhsaithe sláinte i gceist mar gheall ar dhul chun cinn san earnáil fhoirmiúil sláinte.

Tá cuid mhaith de seo tarlaíthe chomh maith mar gheall ar ghníomhartha agus forbairtí i réimsí eile – aer agus uisce glan, tithíocht fheabhsaithe, bóithre níos sábháilte, bia níos sábháilte, áiteanna oibre níos sábháilte, gníomhartha le dul i ngleic le bochtaineacht agus éagthroime. Bíonn tionchar acu seo go léir agus is mian linn a chinntiú go dtuigeann gach earnáil go bhfuil ról le himirt acu agus go mbíonn cuid mhaith fachtóirí éagsúla ag dul i bhfeidhm ar shláinte agus folláine i rith chúrsa an tsaoil.

Ar an gcaoi chéanna, feicimid fadhbanna sláinte eile ag teacht chun cinn; is minic gurb í an stíl bheatha nua-aimseartha atá againn is cúis leis. Is ábhar buartha í an treocht seo agus mura ndéanfimid roinnt athruithe móra, beidh cás míshláintiúil agus costasach i gceist amach anseo. Ní féidir leis an earnáil sláinte dul i ngleic leis na fadhbanna seo ina haonar; ní mór dúinn ár gcur chuige a athrú.

Seo an rud atá i gceist le Éire Sláintiúil – bearta tábhachtacha a dhéanamh chun náisiún níos sláintiúla agus níos rathúla a dhéanamh d'Éirinn. Is í an Creat a thabharfaidh daoine agus eagraíochtaí le chéile ó cheann ceann na tíre isteach i ngluaiseacht náisiúnta a bhfuil aidhm amháin aici: tacú linn go léir taitneamh a bhaint as an tsláinte agus an fholláine is fearr is féidir. Tá sí ceaptha le bheith in ann Ranna Rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí, gnólachtaí agus fostóirí, grúpaí spóirt agus deonacha, pobail agus teaghlach a chuimsiú.

Cruthóimid polasaí comhsheasmhach agus gníomhú comhoibríoch inbhuanaithe do shláinte agus folláine trí Éire Shláintiúil, a spriocanna agus a gníomhartha, agus trí obair le chéile. Cuid riachtanach de seo ná na bearta a fhorbairt faoi dheireadh na bliana le bheith cinnte go bhfuil an dul chun cinn atá uainn á dhéanamh againn. Déanfaidh Coiste na Comhaireachta ar Pholasaí Sóisialta maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chreata ar leibhéal an Rialtais.

Agus muid ag foilsiú agus cur Éire Shláintiúil i bhfeidhm, táimidne mar Rialtas ag geallúint go ndéanfaimid ár gcion oibre agus go gcuirfimid treoir ar fáil ar an mbealach. Agus táimid ag glao ar cheannairí ó gach earnáil den tsochaí teacht linn agus cabhrú linn dá réir sin. Agus muid páirteach agus ag obair le chéile, is féidir linn dul chun cinn ceart a dhéanamh ar náisiún níos sláintiúla a dhéanamh d'Éirinn.

An Taoiseach, Enda Kenny, T.D.

RÉAMHRÁ AN AIRE SLÁINTE



Tá dúshlán thromchúiseacha roimh Éirinn inár ngeilleagar, ár sochaí agus ár seirbhís sláinte. Bíonn ár sláinte agus ár bhfolláine á múnú ag cuid mhaith rudaí sa saol thart timpeall orainn – ár dteaghlaigh, ár n-áit chónaithe agus ár gcomharsanacht, ár n-oideachas agus obair, ár gcairde agus ár bpobal, in éineacht le factóirí eile sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíocha.

Ciallaíonn stádas sláinte na ndaoine in Éirinn faoi láthair, a dtreochtaí stíl bheatha agus éagothroime i dtorthaí sláinte, ciallaíonn siad go mbeidh sochaí thar a bheith míshláintiúil agus cás sláinte ar dócha nach mbeimid in ann íoc as i gceist amach anseo. Ní éireoidh leis an obair atá ar siúl faoi láthair chun seirbhís sláinte a thógáil atá inrochtana agus cóir mura gcruthaímid timpeallacht a thacaíonn le daoine agus lena dteaghlaigh stíl bheatha níos sláintiúla a bheith acu.

Léiríonn an fhianaise agus an taithí ó cheann ceann an domhain go soiléir gur gá don phobal go léir, an Rialtas go léir agus an tsochaí go léir a bheith páirteach agus ag comhoibriú le chéile chun athrú dearfach a dhéanamh ar shláinte agus folláine.

Baineann Éire Shláintiúil leas as polasaithe atá ann cheana, ach beartaíonn sí socruithe nua chun comhoibriú éifeachtach a chinntiú ar fud an Rialtais, an chórais sláinte agus réimsí bainteacha eile. Baineann sé le gach earnáil a bheith ag cabhrú le sláinte agus folláine a fheabhsú, rud a mhéadóidh ár n-iarrachtaí agus ár dtorthaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an líon mór daoine, eagraíochtaí agus Ranna Rialtais a chuir le forbairt Éire Shláintiúil. Chuir cuid mhaith daoine léi trí bheith páirteach sa phróiseas comhairliúcháin agus sa mheitheal. D'fhreastail daoine eile ar chruinnithe sa chéim forbraíochta agus rinne siad taighde agus anailísí cúlra. Chuir daoine eile comhairle ar fáil agus rinne siad tráchtanna ar dhréachtaí an Chreata agus iad go léir ag cur a saineolais agus a dtiomantais ar fáil go fial. Léiríonn an rannpháirtíocht agus an tacaíocht seo ár bhfís chomónta le dul in ngleic leis na rioscaí do shláinte ár ndaoine agus le bheith ag obair i gcomhar le chéile agus ar bhealach a bhfuil cuspóir leis chun Éire níos sláintiúla agus níos córa a bhaint amach.

An Dr. James Reilly, TD. An tAire Sláinte

ÁBHAR

1.0	Sracfhéachaint ar Éire Shláintiúil	6
1.1	Tús Eolais.....	6
1.2	Fís agus Spriocanna.....	6
1.3	Cur i bhfeidhm.....	7
1.4	Taighde agus Measúnú.....	7
1.5	Rannpháirtíocht	8
2.0	Cén fáth a bhfuil gá le creat D'Éirinn Shláintiúil?.....	9
2.1	Sláinte agus Folláine a Shainmhíniú	9
2.2	An bhfuil Éire Shláintiúil?.....	9
2.3	Costais Mhéadaitheacha Córais Sláinte agus Sochaí.....	11
2.4	Sláinte agus Rath na Tíre a Aisghabháil	11
2.5	Conclúid.....	12
3.0	Comharthaí sóirt freagra éifeachtaigh.....	13
4.0	Éire shláintiúil – fís, spriocanna agus creat le haghaidh gníomhú.....	15
4.1	Fís agus Spriocanna.....	15
4.2	Creat Gníomhartha le Haghaidh Éire Shláintiúil	18
Téama 1	Rialachas agus Polasaf.....	19
Téama 2	Comhpháirtíochtaí agus Obair Thrasearnála.....	21
Téama 3	Daoine agus Pobail a Chumhachtú.....	24
Téama 4	An Earnáil Sláinte agus Leasú	26
Téama 5	Taighde agus Fianaise.....	28
5.0	Creat torthaí le haghaidh ‘Éire Shláintiúil’	32
5.1	Creat torthaí a fhorbairt.....	32
5.2	Réimsí táscairí agus spriocanna atá ann cheana féin i dtaca le sláinte agus folláine fheabhsaithe.....	33
5.2.1	Sprioc 1 – Céatadán na nDaoine atá Shláintiúil ag gach Céim den Saol a Mhéadú.....	33
5.2.2	Sprioc 2 – Neamhionannais Sláinte a Laghdú	35
5.2.3	Sprioc 3 – An pobal a chosaint ó bhagairtí ar shláinte agus folláine	37
5.2.4	Sprioc 4 – Timpeallacht a chruthú inar féidir le Gach Duine Aonair agus Gach Earnáil na Sochaí a bPáirt a ghlacadh le Éire Shláintiúil a Bhaint Amach	38
6.0	FORFHEIDHMIÚ	
6.1	Prionsabail Oibriúcháin Éire Shláintiúil	39
	Aguisín 1	
	Achoimre ar Litríocht ar Shláinte, a Cinntithigh agus Fianaise le Dul i nGleic leis na Rioscaí.....	41
	Aguisín 2	
	Prionsabail Eiticiúla Éire Shláintiúil.....	51
	Aguisín 3	
	Giorrúcháin a úsáideadh le cur síos a dhéanamh ar chomhpháirtithe	52
	Tagairtí	53

ÉIRE SHLÁINTIÚIL – CREAT LE HAGHAIDH SLÁINTE AGUS FOLLÁINE FHEABHSAITHE

Fís

Éire Shláintiúil inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí agus go bhfuil sé mar fhreagracht ar chách.

Spriocanna

Comhréir na ndaoine atá sláinte ag gach céim saoil a mhéadú

Éagothroime sláinte a laghdú

An pobal a chosaint ar bhagairtí sláinte agus folláine

Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus earnáil den tsochaí a bheith páirteach san iarracht chun Éire Shláintiúil a bhaint amach

Prionsabal Eiticiúil

Cothromas

Cothroime

Comhréireacht

Oscailteacht agus cuntasacht

Dlúthpháirtíocht

Inbhuanaitheacht

Creat Gníomhartha

Rialachas agus Polasaí

Comhpháirtíochtaí agus Obair Thrasearnála

Daoine agus Pobail a Chumhachtú

An Earnáil Sláinte agus Leasú

Taighde agus Fianaise

Monatóireacht, Tuairiscí & Meastóireacht

Treoirphrionsabail le haghaidh Cur i bhFeidhm

Rialachas agus ceannaireacht níos fearr

Úsáid níos fearr de dhaoine agus d'acmhainní

Comhpháirtíochtaí níos fearr

Córais níos fearr do chúram sláinte

Úsáid níos fearr d'fhianaise

Tomhas agus measúnú níos fearr

Bainistíocht chlár níos fearr

Mar a Dhéanfaimid Soláthar

Coiste na Comhairle ar Pholasaí Sóisialta

gClár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte

Plean forfheidhmithe ardleibhéil

Pleananna feidhmiúcháin do réimsí sainiúla tosaíochta

Creat Torthaí

1.0 SRACFHÉACHAINT AR ÉIRE SHLÁINTIÚIL

1.1 Tús Eolais

Is tairbhe phearsanta, shóisialta agus eacnamaíoch í an tsláinte agus tá sláinte agus folláine daoine aonair agus an daonra i gcoitinne ar an acmhainn is luachmhaire atá ag Éirinn. Tá daonra sláintiúil riachtanach le ligean do dhaoine a saol a chaitheamh chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, an timpeallacht cheart a chruthú chun poist a chruthú, le cabhrú leis an ngeilleagar a athnuachan agus chun aire a thabhairt do na daoine is leochaíl sa tsochaí. Is sócmhainn mhór é daonra sláintiúil don tsochaí, agus is tosaíocht ag an Rialtas agus ag iomlán na sochaí é feabhsú shláinte agus folláine an náisiúin. Ciallaíonn sé seo gur gá do gach cuid den tsochaí agus iomlán an Rialtais a bheith páirteach go forghníomhach i bhfeabhsú sláinte agus folláine an daonra.

I gcás go bhfuil fadhbanna sláinte ag duine, nó go bhfuil sé/sí thíos le tinneas nó míchumas, téann an cailteanas sláinte agus folláine i bhfeidhm ar gach cuid dá s(h) aol agus na daoine thart timpeall air/uirthi. Ar an gcaoi chéanna, téann na treochtaí díobhálacha i sláinte an phobail agus an daonra i bhfeidhm ar iomlán na sochaí. Tá na treochtaí díobhálacha sláinte atá in Éirinn faoi láthair cosúil leo siúd atá i gcuid mhaith tíortha forbartha agus cuimsíonn sé seo leibhéil mhéadaithe galair ainsealaigh, nochtadh do rioscaí sláinte agus deacrachtaí le teacht ar chúram nuair is gá é. Tugann na treochtaí seo le fios go mbeidh cuid mhaith daoine míshláintiúil amach anseo agus go mbeidh costas mór ar an gcás seo. Tá gá le gníomhú chun na treochtaí diúltacha sláinte seo a athrú i dtreo nua dearfach.

Tá dul chun cinn mór déanta in Éirinn le dul i ngleic le rioscaí stíl bheatha agus chun brath, cóireáil agus rialú galar agus rioscaí níos fearr don tsláinte phoiblí a chinntiú. Tá laghdú tagtha ar na rátaí básmhaireachta agus tá méadú tagtha ar an ionchas saoil. Ach tá na feabhsuithe seo i mbaol mar gheall ar mhéaduithe ar threochtaí díobhálacha daonra maidir le murtall, diaibéiteas agus gníomhaíocht fhisiceach.

Tá na treochtaí díobhálacha sláinte atá in Éirinn faoi láthair cosúil leis na cinn siúd atá ina n-ábhair bhuartha i dtíortha forbartha eile. Cuimsíonn siad méaduithe réamh-mheasta suntasacha ar leibhéil na ngalar ainsealacha, nochtadh do rioscaí sláinte, méadú ar éagothroime sláinte agus deacrachtaí le teacht ar chúram san áit a bhfuil gá leis. Is cinnte go mbeidh sochaí thar a bheith míshláintiúil agus cás leighis thar a bheith costasach, nó cás nach féidir íoc as fiú, i gceist in Éirinn mar gheall ar an bhfás réamh-mheasta ar chásanna de ghalair ainsealacha. Tá gá le gníomhú chun athrú a dhéanamh agus chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na treochtaí diúltacha sláinte seo sula n-éireoidh ár bhfadhbanna níos mó.

Is freagra i gcomhar é Éire Shláintiúil ar na rioscaí atá ag bagairt ar shláinte agus folláine na hÉireann amach anseo, agus ar a téarnamh eacnamaíoch. Creat náisiúnta nua atá ann le haghaidh gníomhú chun sláinte agus folláine an daonra in Éirinn a fheabhsú sa ghlúin amach romhainn. Leagann sé amach ceithre phríomhspríoc le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe, agus déanann sé cur síos ar bhealaí agus straitéisí soiléire chun na spríocanna seo a bhaint amach, rudaí inar féidir le gach duine agus gach cuid den tsochaí a bheith páirteach.

Baineann an creat seo úsáid as polasaithe a bhí ann cheana, ach molann sé socruithe nua chun comhoibriú éifeachtach a chinntiú agus chun polasaithe atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm ar leibhéil an rialtais, na n-earnálacha, an phobail agus go háitiúil. Is éard atá i gceist ná gach uile earnáil ag cabhrú le sláinte agus folláine a fheabhsú, rud a mhéadóidh na hiarrachtaí go léir agus a chuirfidh torthaí níos fearr ar fáil.

1.2 Fís

Éire Shláintiúil inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí agus go bhfuil sé mar fhreagracht ar chách.

Tá Éire Shláintiúil ceaptha le fíor-athrú intomhaiste a dhéanamh agus tá sí bunaithe ar thuiscint ar chinntithigh sláinte. Téann gach réimse de shaol duine i bhfeidhm ar shláinte agus folláine; stádas eacnamaíoch, oideachas, tithíocht, an timpeallacht fhisiceach ina bhfuil cónaí ar dhaoine agus an áit a mbíonn siad ag obair. Téann cinntí polasaí a dhéanann an rialtas, roghanna aonair a dhéanann daoine faoin gcaoi a mbíonn siad ag maireachtáil agus rannpháirtíocht daoine ina bpobail féin i bhfeidhm ar shláinte agus folláine chomh maith.

Tugann an tuiscint seo le fios go bhfuil gá le cur chuige comhpháirtíochta sna gníomhartha go léir atá leagtha amach sa Chreat. Tá Éire Shláintiúil ceaptha le húsáid a bhaint as fuinneamh, cruthaitheacht agus saineolas na ndaoine go léir a chuireann sláinte agus folláine chun cinn ina gcuid oibre, agus spreagann sí gach earnáil den tsochaí le bheith páirteach chun áit chónaithe, oibre agus spraoi níos sláintiúla a dhéanamh d'Éirinn.

Sainmhíníonn an creat ceithre ard-leibhéal agus sonraíonn sé seachtó gníomh soiléir a oibreoidh le chéile chun na spríocanna seo a bhaint amach.

Spríoc 1: Comhréir na ndaoine atá sláinte ag gach céim saoil a mhéadú

Ciallaíonn sé seo gur gá fachtóirí riosca a spriocdhíriú agus fachtóirí cosanta a chur chun cinn ag gach céim den saol – ón tréimhse réamhbhreithe, tríd an luath-óige, ógántacht, aosacht agus ar aghaidh go dtí seanaois, le tacú le sláinte agus folláine ar feadh an tsaoil.

Spríoc 2: Éagothroime sláinte a laghdú

Níl sláinte agus folláine dáilte go cothrom i sochaí na hÉireann, mar sin ní hamháin go bhfuil idirghabháil mar riachtanas na sprice seo, le díriú ar rioscaí sláinte ar leith, ach tá fócas leathan i gceist chomh maith le díriú ar chinntithigh leathana shóisialta na sláinte – na dálaí inar rugtar daoine, ina bhfuil siad á dtógáil, ag maireachtáil, ag obair agus ag dul in aois – chun timpeallachtaí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus fisiceacha a chothaíonn maireachtáil shláintiúil a chruthú.

Spríoc 3: An pobal a chosaint ar bhagairtí sláinte agus folláine

Ceapadh Éire Shláintiúil le bheith cinnte go bhfuil straitéisí agus idirghabháil éifeachtach ag Éirinn chun an pobal a chosaint ar bhagairtí nua agus éiritheachta ar shláinte agus folláine. Tá ríthábhacht le bheith ullamh chun cosc a chur le, dul i ngleic le agus teacht aniar go tapa ó bhagairtí sláinte poiblí trí obair chomhoibríoch, chun sláinte phobal an náisiúin a chosaint.

Spríoc 4: Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus earnáil den tsochaí a bheith páirteach san iarracht chun Éire Shláintiúil a bhaint amach

Níl sé faoi shainordú roinn nó eagraíocht Rialtais amháin sláinte agus folláine a chur chun cinn ar fud na sochaí. Ní féidir seo a dhéanamh ach trí rannpháirtíocht ar fud na sochaí i ngníomhaíochtaí chun sláinte agus folláine a chur chun cinn – idir dhaoine aonair ag déanamh roghanna dearfacha stíl bheatha agus tionscadail atá á rith ag grúpaí pobail agus áitiúla, agus athruithe polasaí agus reachtúla a ndéanamh ar an leibhéal is airde den rialtas.

1.3 Cur i Bheidim

Cé go bhfuil sí á treorú le fíís shoiléir, is rud í Éire Shláintiúil atá dírithe go mór ar ghníomhartha, le gníomhartha spriocdhírthe faoi shé théama leathana:

- Rialachas agus Polasaí,***
- Comhpháirtíochtaí agus Obair Thrasearnála,***

- Daoine agus Pobail a Chumhachtú,***
- An Earnáil Sláinte agus Leasú,***
- Taighde agus Fianaise agus Monatóireacht,***
- Tuairisciú agus Measúnú.***

Déanfaidh Coiste na Comhairleachta ar Pholasaí Sóisialta maoirseacht ar sholáthar an Chreata seo. Tá freagracht ar an gClár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte as pleanáil straitéiseach agus comhordú chur i bhfeidhm ghníomhartha an Chreata. Bunófar Comhairle Éire Shláintiúil chun fóram comhairleach náisiúnta a chur ar fáil ina mbeidh go leor páirtithe leasmhara éagsúla, le tacú le cur i bhfeidhm an Chreata ar fud na n-earnálacha. Agus an struchtúr láidir rialachais agus cuntasachta seo mar chroílár aige, beidh plean feidhmiúcháin ardleibhéil agus Creat Torthaí in éineacht leis an gCreat sa chuid dheireanach de 2013. Chomh maith leis sin, forbrófar pleananna feidhmiúcháin mionsonraithe agus níos sainiúla do réimsí polasaí tosaíochta.

Beidh cuid mhaith comhairliúcháin i gceist leis na pleananna feidhmiúcháin ar fud an Rialtais, na hearnála sláinte agus earnálacha eile. Beidh sé ina tréith thábhachtach de phleananna feidhmiúcháin Éire Shláintiúil go sonrófar daoine aonair atá freagrach go díreach as gach gníomh.

1.4 Taighde agus Measúnú

Gné thábhachtach do Éire Shláintiúil ná an fócas ar thaighde, le cinntiú go mbíonn spriocanna, cláir, cinntí maoiniúcháin, straitéisí cumarsáide, idirghabháil, cleachtais oibre agus gníomhartha bunaithe ar fhianaise láidir pé áit ar féidir, faoi chinntithigh sláinte agus bealaí cuir chuige dea-chleachtais le díriú orthu.

Forbrófar plean taighde d'Éire Shláintiúil le cur leis an mbonn eolais agus le cinntiú go bhfuil na sonraí, eolas eolaíoch agus uirlisí measúnaithe ardchaighdeán is déanaí ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm agus monatóireacht ghníomhartha an Chreata agus forbairt pholasaí nua a threorú amach anseo.

Ciallaíonn bunú polasaí agus cláir na hÉireann chun sláinte a chur chun cinn, ciallaíonn a mbunú ar fhianaise láidir go mbeidh an idirghabháil i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, costéifeachtach, comhtháite le soláthar seirbhíse agus is mó an seans go mbeidh tionchar aige.

Déanfar monatóireacht agus measúnú dian ar Éire Shláintiúil. Forbrófar Creat Torthaí a shonróidh príomhtháscairí a bheidh ag tacú leis na ceithre spríoc ardleibhéil. Socrófar spriocanna le haghaidh feabhsuithe

inchainníochtaithe, pé áit ar cuí. Ligfidh tomhas rialta ar na táscairí seo don tionchar a bheidh ag Éire Shláintiúil a bheith measta de réir a chéile.

1.5 Rannpháirtíocht

Táthar tar éis Éire Shláintiúil a fhorbairt le haiseolas ó phróiseas comhairliúcháin cuimsitheach taobh istigh den Rialtas, an earnáil sláinte, ón bpobal i gcoitinne agus ó dhreamanna príobháideacha. Léiríonn sí taithí agus fianaise idirnáisiúnta ar na nithe a chinneann sláinte agus léiríonn sé an cleachtas is fearr ar an gcaoi le tosaíocht a dhéanamh de, agus infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí sláinte.

Beartaíonn sé athrú riachtanach i dtreo cur chuige níos leithne agus níos cuimsithí ar rialachas le haghaidh sláinte agus é ag bogadh taobh amuigh den tseirbhís sláinte, ar fud údaráis náisiúnta agus áitiúla, agus é ag cuimsiú gach earnála den tsochaí agus na daoine iad féin. Bainfidh sé leis na hacmhainní atá ann cheana a dhíriú, dul chun cinn sna tionscnaimh atá ann cheana a bhrostú, chomh maith le tionscnaimh nua agus nuálaíocha a chruthú.

Déanann Éire Shláintiúil soláthar do shocrúithe nua chun comhoibriú éifeachtach a chinntiú idir an earnáil sláinte agus réimsí eile den Rialtas agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cosaint shóisialta, leanaí, tionscal, sábháilteacht bia, oideachas, iompar, tithíocht,

talmhaíocht agus an timpeallacht. Iarrann sé ar an earnáil príobháideach agus dheonach a bheith páirteach trí chomhpháirtíochtaí a dtabharfar tacaíocht mhór dóibh agus a chuirfidh tairbhe ar fáil do na comhpháirtithe go léir. Cuireann sé cur chuige praiticiúil agus ardchaighdeáin ar fáil i leith cur i bhfeidhm, le cinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainní le fianaise, monatóireacht agus measúnú níos fearr.

Beidh gá le gealltanais sinsearach Rialtais agus sochaíoch, am, pleanáil agus ceannaireacht láidir chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach a chinntiú agus muid ag bogadh i dtreo todhchaí níos sláintiúla. Beidh sé mar thoradh air go mbeifear ag tacú le daoine in Éirinn cinntiú sláintiúla a dhéanamh ina saol ó lá go lá, i dtimpeallachtaí a chothóidh an tsláinte agus atá inbhuanaithe.



2.0 CÉN FÁTH A BHFUIL GÁ LE CREAT D'ÉIRINN SHLÁINTIÚIL?

Tá cuid mhaith dúshláin ollmhóra sláinte roimh Éirinn, amhail cuid mhaith tíortha forbartha eile, sa gheilleagar, sa tsochaí agus sa tseirbhís sláinte. Beidh an saol amach romhainn thar a bheith costasach agus míshláintiúil mar gheall ar stádas sláinte agus treochtaí stíl bheatha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Tá athbheithníú ar an litríocht a bhaineann le treochtaí sláinte agus cinntigh sláinte níos leithne ar fáil in Aguisín 1.

2.1 Sláinte agus Folláine a Shainmhíniú

Ciallaíonn sláinte gur féidir le duine a (h) acmhainneacht a bhaint amach agus folláine iomlán fisiceach, meabhrach agus sóisialta a bhaint amach. Cuireann daoine sláintiúla le sláinte agus cáilíocht na sochaí ina bhfuil cónaí orthu, áit a mbíonn siad ag obair agus ag spraoi. Tá i bhfad níos mó i gceist le sláinte ná easpa galar nó míchumais agus téann sláinte an duine aonair agus na tíre i gcoitinne i bhfeidhm ar cháilíocht taithí saoil an uile dhuine. Acmhainní riachtanach don saol laethúil, tairbhe an phobail, agus sócmhainn d'fhorbairt sláinte agus dhaonna is ea sláinte. [1,2].

Páirt ríthábhachtach den sainmhíniú seo ar shláinte is ea folláine. Léiríonn sé cáilíocht saoil agus na fachtóirí éagsúla a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm air i rith chúrsa shaol an duine [3]. Chomh maith leis sin, léiríonn folláine coincheap meabhairshláinte dearfaí, inar féidir le duine a gcumas féin a bhaint amach, déileáil le gnáthstrus an tsaol, obair a dhéanamh go táirgiúil agus go torthúil agus a bheith in ann cur lena p(h)obal féin. [4] Tá gá le hathrú fócais ó na nithe a d'fhéadfadh dul ó mhaith i saol daoine, go díriú ar na nithe a chuireann rath ar a saol, agus sláinte agus folláine á mbreithníú againn.[5]

2.2 An bhfuil Éire Sláintiúil?

Tá daonra 4.6 milliún ag Éirinn. [6] Is ionann seo agus méadú 8% ó 2006. Tá an daonra ag fás agus tá sé níos ilghnéithí anois chomh maith. Tugann na sonraí daonáirimh is déanaí le fios gur tháinig méadú 25% ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ach a rugadh taobh amuigh den Stát go 766,770 sa tréimhse 2006-2011. Is ionann seo agus 17% den daonra anois. Tá daoine in Éirinn ag maireachtáil níos faide anois ná riamh, ach níl an tsláinte go maith ag na daoine go léir atá ag maireachtáil níos faide.

Tá cuid mhaith daoine in Éirinn agus a dteaghlach thíos le galair ainsealacha agus míchumas a bhaineann le droch-aiste bhia, caitheamh tobac, mí-úsáid alcóil agus neamhghníomhaíocht fhisiceach. [7] Níl an taitneamh a bhaintear as dea-shláinte dáilte go cothrom sa tsochaí agus tionchar mór ag stádas socheacnamaíoch, leibhéil oideachais, fostaíocht agus tithíocht ar mhínicíocht riochtaí sláinte ainsealacha agus iompar ghaolmhar stíl bheatha a bhaineann leo sin. Bíonn riochtaí sláinte ainsealacha mar chúis le cuid mhór básanna anaibí. Tá mínicíocht na riochtaí sláinte amhail hipeartheannas, galar croí corónach, strócanna agus diaibéiteas cineál 2 ag méadú go mór de réir mar a théann daoine in aois, agus bíonn sé i bhfad níos mó i measc grúpaí socheacnamaíocha atá níos ísle agus i measc na bhfear de ghnáth chomh maith. Faoi 2020, tiocfaidh méadú thart ar 40 faoin gcéad ar líon na ndaoine fásta a bhfuil galair ainsealacha orthu, agus beidh méid níos mó de na riochtaí sin ag dul i bhfeidhm ar dhaoine atá níos sine.

Anuas air sin, idir 2010 agus 2020, táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú 30% ar líon na ndaoine fásta a bhfuil diaibéiteas orthu, méadú 23% ar líon na ndaoine a bhfuil galar ainsealach toirmeascach scamhóige orthu, méadú 28% ar líon na ndaoine a bhfuil hipeartheannas orthu agus méadú 31% ar líon na ndaoine a bhfuil galar croí corónach orthu. [8-11].

Is í ailse an dara cúis mhór le bás in Éirinn, tar éis galar cardashoithíoch, agus bíonn sí mar chúis le breis is 8,000 bás in aghaidh na bliana. [12]. Déantar diagnóisiú ar mheán atá beagnach chomh mór le 30,000 cás nua ailse gach bliain. [13] Seo fás 50 faoin gcéad ar an méid ailse a bhí ann in aghaidh na bliana i lár na nóchaidí. Tá méadú 6-7% ag teacht ar líon na gcásanna nua ailse a bhfuil diagnóisiú á dhéanamh orthu go bliantúil agus mura dtiocfaidh athrú mór ar na treochtaí seo go luath amach anseo, is maith an seans go dtiocfaidh dúbailt ar líon na gcásanna san fhiche bliain amach romhainn. [14] Tá méadú níos lú ná 1 faoin gcéad ag teacht ar an riosca bunúsach in aghaidh na bliana go dtiocfaidh ailse ar dhuine agus tá an méadú ionchasach i gceist mar gheall ar an líon mór seandaoine sa daonra go príomha, ach d'fhéadfadh an fás réamh-mheasta ar an daonra iomlán a bheith ag dul i bhfeidhm air chomh maith. Seo an t-ardú tuartha is mó i 27 ballstát an AE. [15]

Seo thíos liosta de threochtaí sláinte Éireannacha eile agus an difríocht choibhéiseach idir na treochtaí de réir grúpaí socheacnamaíocha:

Táthar ag súil leis go méadóidh mínicíocht diaibéiteas cineál 2 agus galar cardashoithíoch faoi 20 go 30% faoi 2020

Níl an tsláinte dáilte go cothrom sa tsochaí agus bíonn tionchar láidir ag stádas socheacnamaíoch ar mhínicíocht galar ainsealach agus iompar stíl bheatha gaolmhar

Murtall agus Meáchan

- Tá 61% de na daoine fásta go léir agus 25% de na páistí trí bliana d'aois róthrom nó murtallach in Éirinn; tá innéacs corpmhaise taobh amuigh den réimse sláintiúil ag 26% de pháistí naoi mbliana d'aois. [16-18]
- Tá triúr as ceathrar os cionn caoga bliain d'aois in Éirinn róthrom nó murtallach. [19]
- Bíonn an t-innéacs corpmhaise, colaistéaról agus brú fola ard go diansheasmhach i measc na n-aicmí sóisialta ar ioncam íseal [7,20] Bíonn na leibhéil mhurtaill is airde i measc daoine níos boichte agus daoine a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu.
- Tá 9% de na leanaí 3 bliana d'aois i ngrúpaí socheacnamaíocha níos ísle murtallach, i gcomparáid le 5% acu sna grúpaí socheacnamaíocha níos airde agus tá ar a laghad aon chúigiú de na leanaí sna haicmí sóisialta go léir murtallach. [17]
- Tá líon na gcásanna de ghalair croí, ailsí, diaibéiteas cineál 2 (lena n-áirítear diaibéiteas cineál 2 i measc leanaí agus ógánach) le fás amach anseo. [7] Is é murtall an phríomhchúis le hailse i measc daoine nach gcaitheann tobac. [21]

Meabhairshláinte

- Is ceist mhéadaitheach sláinte, shóisialta agus eacnamaíoch í meabhairshláinte agus táthar ag súil leis go mbeidh tinnis mheabhrach dúlagair ar an gcineál is mó de ghalair ainsealach i dtíortha ardioncaim faoi 2030. [22] Beidh fadhbanna mheabhairshláinte ag gach duine as ceathrar i rith a saoil. [23]
- Faigheann níos mó daoine óga bás d'fhéinmharú in Éirinn ná tíortha eile. [24] Tá an ráta básmhaireachta d'fhéinmharú in Éirinn san aoisghrúpa 15-24 bliain d'aois ar an gceathrú ráta is airde san AE agus is é an tríú ceann is airde i measc na bhfear óg ó 15-19 mbliana d'aois. [25, 26]
- Thuairiscigh duine as 20 de na rannpháirtithe os cionn 50 bliain d'aois i staidéar fadaimeartha Éireannach ar dhul in aois (SFÉDIA/TILDA) diagnóis dúlagair ag dochtúir, agus bhí thart ar an méid céanna ag tuairisciú diagnóis imní/bhuartha. [19]
- Bíonn leibhéil dúlagair agus iontrálacha in ospidéal shíciatracha níos airde i measc grúpaí socheacnamaíocha nach bhfuil chomh rachmasach. [27] Baineann fadhbanna meabhairshláinte chomh maith le díothacht, bochtaineacht, éagthroime agus cinntithigh shóisialta agus eacnamaíocha eile sláinte. [28] Is

tréimhsí ardriosca iad géarchéimeanna eacnamaíocha mar sin do folláine mheabhrach an daonra agus na ndaoine a bhíonn thíos leis na fadhbanna seo agus a dteaghlaigh.

Caitheamh Tobac

- Bíonn thart ar mhilliún duine in Éirinn ag caitheamh táirgí tobac.
- Bíonn 12% de na leanaí idir 11-17 mbliana d'aois ag caitheamh tobac. [29]
- Tá na rátaí caite tobac is airde (56%) i measc na mban ó 18-29 bliain d'aois ó phobail bhochta, i gcomparáid le 28 % de na mná óga ó aicmí sóisialta níos airde. [30]
- Is é an líon daoine a fhaigheann bás in Éirinn de ghalair a bhaineann le caitheamh tobac ná 5,200 anois agus bíonn tinneas ainsealach agus míchumas ag dul i bhfeidhm ar na mílte eile agus a dteaghlaigh. [31]
- Gheobhaidh duine as gach beirt a chaitheann tobac bás de ghalair a bhaineann le caitheamh tobac; cuimsíonn na galair seo réimse leathan ailsí, chomh maith le galair riospráide agus chardashoithíocha. (Doll, 1994 #779)

Alcól agus Drugaí

- Tá an ráta óil alcóil in Éirinn ar na cinn is airde san Eoraip ag 11.9 lítear in aghaidh an duine i rith 2010. [32]
- Bíonn alcól mar chúis le tuairim is 90 bás gach mí, líon a chuimsíonn cuid mhaith ailsí agus galair chroí a bhaineann le halcól. [33] D'fhéadfadh ól trom alcóil cur le murtall chomh maith, trí na calraí breise a bhíonn caite ag daoine a bhíonn ag ól go rialta.
- Is fachtóir é an t-alcól a bhaineann le leath den fhéinmharú go léir. [34]
- Tuairiscíodh ráta 7% de dhaoine fásta ó 15-64 bliain d'aois a bheith ag caitheamh drugaí mídhleathacha le bliain anuas. [35]
- Bhí úsáid drugaí mar chúis dhíreach agus indíreach le 534 bás i rith 2008, lena n-áiríodh básanna a bhí luaite le hearóin, meatadón, beinsidh-asaipíní, agus básanna leighis agus tráma. [36]
- Idir 1998 agus 2007, bhí beinsidh-asaipíní luaite i gcás beagnach aon trian (31%) de na básanna go léir de nimhiú, agus méadú tagtha ar an líon bliantúil ó 65 in 1998 go dtí 88 in 2007. Níos mó ná 900,000 míreanna SLG oideas a bhaineann le beinsidh-asaipíní in 2010. [37]

Sláinte Ghnéasach

- Rugadh 20 leanbh in aghaidh 1,000 do mháithreacha idir 15 – 19 mbliana d’aois in 2011, agus 12 in aghaidh 1,000 in 2011. [38]
- Bhí 13,259 fógra faoi ionfhabhtuithe a tarchuireadh go gnéasach (IGTanna) in 2011 in Éirinn, líon arb ionann é agus méadú 12.2% i gcomparáid le 2010 agus táthar ag leanúint den treocht suas atá tugtha faoi deara ó 1995. [39] Bhí Clamaidia i gceist le 48.3% de na fógraí. Tugann sonraí an tsuirbhé méadú le fios de réir a chéile ar líon na ndaoine fásta a bhíonn ag tuairisciú go ndearnadh scagthástáil agus/nó diagnóisíú VEID (HIV) nó IGT orthu. [40]
- Rinneadh diagnóisíú nua VEID ar 320 duine in 2011; is ionann seo agus laghdú 3% i rith 2010 agus táthar ag leanúint den treocht síos i ndiagnóisíú nua VEID atá tugtha faoi deara ó 2008. [39]

Léiríonn na treochtaí go dtí seo na dúshláin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha atá roimh na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta go soiléir agus na tionchair iarmhartacha ar dhaoine aonair, teaghlaigh, pobail agus an tsochaí. Mar a luadh roimhe seo, tá comhréir níos mó daoine ann anois atá ag maireachtáil níos faide, agus cé go bhfuil feabhsú ar fhachtóirí riosca stíl bheatha áirithe, tá cinn eile tar éis dul in olcas go mór. Tugann na meastacháin ar fhás riochtaí sláinte ainsealacha sa 30 bliain amach romhainn go mbeidh cás neamh-inbhuanaithe d’fhadhbanna agus costais ollmhóra ar na seirbhísí sláinte amach anseo. Tá sé riachtanach go ndíreofaí ar na fadhbanna seo anois nó beidh fadhb mhór ag an nglúin amach anseo le dul in olcas drochshláinte agus méadú costais ollmhóra sláinte mar ualach orthu.

2.3 Costais Mhéadaitheacha Córais Sláinte agus Sochaí

Is ionann sláinte agus an dara comhchuid is mó den chaiteachas poiblí in Éirinn tar éis coimirce shóisialach. [42] Ó 2000 go dtí 2009, bhí breis is dúbailt déanta ar an gcaiteachas ar chúram sláinte poiblí na hÉireann i dtéarmaí réadúla go €15.5 billiún in aghaidh na bliana. Bíonn an caiteachas dírithe go príomha ar sheirbhísí diagnósice agus cóireála do ghalair agus gortú. Is príomhthiománaithe

costais cúram leighis iad galair ainsealacha agus a bhfachtóirí riosca, agus iad mar thiománaithe cailteanas gaolmhar eacnamaíoch chomh maith.

Is fiordhúshlán cliniciúil, sóisialta agus airgeadais é murtall a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar feadh na scórtha bliain agus níltear ach ag fáil amach anois cé chomh mór is a bheidh sé. Is é an costas bliantúil measta eacnamaíoch ar mhurtall ná tuairim is €1.13 billiún. [43]

Tá alcól mar chúis le réimse leathan díobhálacha sláinte agus sóisialta; leagann an déileáil le hiarmhairtí a úsáide agus a mhí-úsáide ualach measta €3.7 billiún go bliantúil ar acmhainn an Stáit. [44]

Bíonn tionchair ollmhóra phearsanta ag fadhbanna meabhairshláinte ar na daoine a bhíonn thíos leo agus bíonn costais shuntasacha mar thoradh orthu agus iad ag baint le cailteanas táirgiúlachta, bás anaibí, míchumas agus costais bhreise ar na córais shóisialta, oideachais agus cirt. Meastar gurb é an costas eacnamaíoch ar fadhbanna meabhairshláinte in Éirinn ná €11 bhiliún in aghaidh na bliana. [45] Táthar ag súil leis go mbeidh éifeachtaí tánaisteacha meabhairshláinte mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch a d’fhéadfadh rátaí féinmharaithe agus báis d’alcól a mhéadú. [28]

Caitear 6-15% den bhuiséad iomlán sláinte ar chóireáil a dhéanamh ar ghalair a bhaineann le tobac – is ionann seo agus idir €1-2 billiún gach bliain. Sa bhliain 2008, b’ionann galair a bhain le caitheamh tobac agus méid measta €280 milliún de chostais ospidéal amháin. [31] Bíonn cailteanais shuntasacha táirgiúlachta i gceist chomh maith mar gheall ar an iomarca neamhláithreachais, sosanna caithimh tobac agus aschur cailte mar gheall ar bhás anaibí.

2.4 Sláinte agus Rath na Tíre a Aisghabháil

Tá argóint eacnamaíoch threascrach ann ar son gníomhú: tugann an fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta le fios gur leas eacnamaíoch í an tsláinte ina ceart féin agus gur fachtóir ríthábhachtach í i bhfostaíocht, tuilleamh, táirgiúlacht, forbairt agus fás eacnamaíoch. D’fhéadfadh fás eacnamaíoch a bheith mar thoradh

ar shláinte níos fearr, ní hamháin trí mhéadú ar an OTI (GDP) iomlán de réir mar a mhéadaíonn an daonra, ach chomh maith leis sin, agus ar bhonn níos tábhachtaí, trí ghóthachain fhadtéarmacha i gcaipiteal daonna agus fisiceach a mhéadaíonn táirgiúlacht agus OTI in aghaidh an duine. [41] Beidh ról lárnach agus tacúil ag cosaint sláinte agus cur i bhfeidhm polasaithe agus cláir éifeachtacha láidre do chur chun cinn sláinte i gclár téarnaimh eacnamaíoch na hÉireann go gearrthéarmach agus go fadtéarmach, agus déanfaidh siad laghdú ar an seans nach mbeifear in ann íoc as costais sláinte amach anseo, cás a bheidh ann go cinnte mura rachfar i ngleic leis na treochocháir sláinte atá ann faoi láthair.

Tá sé ríthábhachtach do thodhchaí na tíre go dtógfaí glúine sláintiúla páistí atá in ann a mhór a dhéanamh dá saol agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach de réir mar a fhásfaidh siad ina ndaoine fásta. Tá sochaí agus lucht oibre sláintiúil chun leas na n-earnálacha go léir, mar sin níor chóir go mbeadh an fhreagracht as cláir choisc ar an gcóras sláinte amháin, ach iad a bheith roinnte ar fud roinnt Ranna Rialtais, Ranna a bhainfeadh tairbhe as trí chaiteachas laghdaithe ar shochair breoiteachta, chomh maith le táirgiúlacht agus ranníocaíochtaí méadaithe don státchiste. Cruthóidh rannpháirtíocht níos leithne ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí torthaí níos éifeachtúla arís. Beidh an téarnamh eacnamaíoch múnlaíthe chomh mór ag próifíl sláinte agus folláine an daonra is a bheidh sé ag príomhthreochocháir nó fás eacnamaíoch.

2.5 Conclúid

Tá an réasúnaíocht atá le tabhairt faoin gclár suntasach oibre seo soiléir – ó thaobh costais sláinte agus tairbhí sláinte féideartha de. Baineann tairbhí eacnamaíocha cruthaithe le sochaí shláintiúil. Bíonn luach níos fearr, táirgiúlacht fheabhsaithe agus cáilíocht fheabhsaithe saoil mar thoradh ar chosc i measc an phobail. [46]

Mura ndéanfaimid athrú ar an treo ina bhfuilimid ag dul, ní bheidh an tsochaí ná an tír in ann íoc as cúram sláinte.



3.0 COMHARHAÍ SÓIRT FREAGRA ÉIFEACHTAIGH

Agus Éire Shláintiúil á forbairt, bhí an fócas ar a chinntiú go raibh na bearta a bheartaigh sí agus a modh oibre éifeachtach, bunaithe ar fhianaise láidir agus ar bhealaí cuir chuige idirnáisiúnta an chleachtais is fearr.

Baineadh é seo amach trí chomhairliúchán cuimsitheach náisiúnta agus próiseas taighde agus bailithe sonraí. Rinneadh anailís mionsonraithe ar obair a rinneadh le díriú ar threochtaí sláinte agus folláine in Éirinn agus i dtíortha eile¹.

Ciallaíonn an tiomantas seo do ghníomhú atá bunaithe ar fhianaise go bhfuil spriocanna, straitéisí, struchtúir agus príonsabail Éire Shláintiúil bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta agus náisiúnta agus ar thaithí ar rudaí a n-éiríonn leo i bhfeabhsú sláinte agus folláine.

Tá príomhphríonsabail agus príomhbhealaí cuir chuige a cruthaíodh a bheith éifeachtach tar éis teacht chun cinn ón bhfianaise thaighde agus táthar tar éis glacadh leis i ndrúchtadh an Chreata seo.

Ceannaireacht agus Cuntasacht

Tá gá le bealaí nua oibre chun athrú éifeachtach sláinte agus folláine a dhéanamh, agus tá gá le sainordú agus tiomantas foirmiúil ón Rialtas lárnach. Úsáideann cláir rathúla abhcóideacht agus líonrú chomh maith chun comhpháirtithe a thabhairt le chéile agus chun tacaíocht leathan pholaitiúil agus chultúrtha a chomhchruinniú do bhealaí cuir chuige cothroma, inbhuanaithe agus cuntasacha i leith sláinte a fhorbairt. [3] Ní mór don earnáil sláinte dul i mbun ról maoirseachta agus abhcóideachta araon le tacú le hearnálacha eile i spriocanna sláinte agus folláine a bhaint amach .

Tá tacaíocht na Ranna Rialtais go léir ag creat Éire Shláintiúil agus cuireann sí struchtúir i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil treoir shoiléir, cuntasacht, dea-rialachas agus tacaíocht d'obair chomhoibríoch ag tacú lena gníomhartha go léir. Ligfidh an struchtúr rialachais seo do mhonatóireacht dhian agus measúnú leanúnach a bheith déanta ar na cuspóirí a bhí leagtha síos ag an Rialtas. Beidh na comhpháirtithe go léir páirteach sa phleanáil, chun na rannpháirtithe cearta a fháil do gach clár, chun táscairí comónta a aithint agus dul chun cinn a thagarmharcáil de réir a chéile, agus i gcomparáid le tíortha eile.

Cur Chuige Idir-Earnála – freagra ar fud an chórais

Leagann bealaí cuir chuige ar fud an Rialtais agus na sochaí go léir, rudaí ar a dtugtar Sláinte sna Polasaithe Go Léir (SPGL) go minic, leagann siad béim ar an gcaoi go mbíonn fachtóirí riosca na ngalar mór, nó cinntithigh sláinte, athraithe ag bearta a bhíonn bainistithe ag ranna Rialtais eile agus ag páirtithe eile sa tsochaí go minic. Téann cinntithigh shochoaíochta sláinte níos leithne amhail oideachas, fostaíocht agus an tionchar timpeallachta, téann siad i bhfeidhm ar dháileadh na bhfachtóirí riosca sa daonra, rud a chruthaíonn éagothroime sláinte. Aistríonn bealaí cuir chuige ar fud an chórais an bhéim beagán ó stíleanna beatha agus galair ar leith go fachtóirí agus gníomhartha sochoaíochta a mhúnláíonn timpeallachtaí maireachtála na ndaoine ó lá go lá.

Tá gá le bealaí cuir chuige polasaí leathana mar sin, le cinntiú gur cuid ríthábhachtach de gach réimse polasaí bainteach í an tsláinte, lena n-áirítear polasaithe timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta. Mar shampla, déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) gealltanais ina dréacht-phlean straitéiseach “d’fhorbairt bealaí cuir chuige atá níos láidre agus do chur chun cinn an róil ríthábhachtaigh atá ag cosaint na timpeallachta i bhfeabhsú shláinte an phobail.” Ar mhaithe leis seo a dhéanamh go rathúil, tá gá le cur chuige ar fud an chórais.

Is straitéis atá dúshlánach go polaitiúil í obair idir-earnála nó SPGL, rud a bhfuil gá le fíor-iarrachtaí ina leith chun í a chur chun cinn. Admhaíonn Éire Shláintiúil na dúshláin seo agus déanann sí iarracht dul i ngleic leo trína fíis, spriocanna, struchtúir agus gníomhartha. Ciallaíonn an cur chuige idir-earnála go mbeidh gá le húsáid uirlisí bailíochtaí agus meicníochtaí tacaíochta chun an clár oibre seo a chur i gcrích, lena n-áireofar mar shampla, Measúnú Tionchar Sláinte, coistí idir Airí agus Ranna éagsúla, foirne gníomhaíochta tras-earnála, forbairt chomhtháite lucht saothair agus creataí reachtaíochta. Tá gealltanais déanta ag an Rialtas in Éirinn go gcuimseoidh siad measúnú tionchar bochtaineachta mar chuid den mheasúnú comhtháite ar thionchar sóisialta. Beidh tionchair sláinte ina ndlúthchuid den uirlis nua seo.

*Caithfidh an
earnáil sláinte
ról maoirseachta
agus
abhcóideachta a
chomhlíonadh ar
mhaithe le tacú le
hearnálacha eile
chun spriocanna
sláinte agus
folláine a bhaint
amach*

¹ Cuimsíonn an t-ascúir ó na gníomhaíochtaí ullmhúcháin seo athbhreithniú litríochta ar eacnamaíocht an choisc, anailís ar an gcóras sláinte poiblí in Éirinn agus athbhreithniú ar reachtaíocht sláinte poiblí. Tá na doiciméid seo go léir ar fáil ag www.doh.ie

Comhpháirtíochtaí agus Síneadh Níos Faide Anonn ón Rialtas

Tá comhpháirtíochtaí éifeachtacha le saoránaigh agus pobail, agus iad tacaíthe ag líonra leathan páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, tá siad riachtanach chun léargas a fháil ar na nithe a théann i bhfeidhm ar shláinte go háitiúil, chun tacaíocht a fháil do ghníomhú sa ghnáthphobal agus le cur le forbairt pobail [3]. Beidh foirmiú agus múnú na gcomhpháirtíochtaí comhleasa sa Rialtas, an earnáil phoiblí, gnó agus tionscal, teaghlaigh agus pobail ina ngné riachtanach agus cumhachtaithe den Chreat seo. Aithneoidh Éire Shláintiúil comhpháirtithe ar fud shochaí na hÉireann atá in ann agus a chuireann le spriocanna an Chreata.

Comhphobal agus Freagracht Phearsanta a Thógáil

Téann roghanna pearsanta stíl bheatha daoine i bhfeidhm ar chuid mhaith táscairí sláinte agus folláine. Mar shampla, luann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 60% den ualach galar san Eoraip le seacht bpríomhfachtóir riosca: hipeartheannas, caitheamh tobac, mí-úsáid alcóil, colaistéaról ard, rómheáchan, caitheamh íseal torthaí agus glasraí agus easpa gníomhaíochta fisicí. Is féidir éifeachtaí na bhfachtóirí riosca seo a íoslaghdú más féidir daoine a spreagadh agus tacú leo le roghanna níos sláintiúla a dhéanamh. Ar mhaithe le bheith éifeachtach, ní mór go gcuimseodh gníomhú chun cinntithigh sláinte a rialú tuiscint agus scileanna a fhorbairt agus roghanna sláinte eolacha a chur chun cinn. Ciallaíonn sé seo gur gá daoine agus pobail a chur ar an eolas faoin gcaoi lena sláinte agus a bhfolláine a fheabhsú, chomh maith lena gcumhachtú agus a spreagadh chun a leithéid a dhéanamh, fad is a oibrítear chun aon chonstaicí reachtúla nó praiticiúla atá ann agus a chuireann isteach ar a gcumas roghanna sláintiúla a dhéanamh a bhaint nó a íoslaghdú ar a laghad.

Cabhróidh Éire Shláintiúil le feasacht a mhúscailt agus roghanna sláintiúla stíl bheatha a chur chun cinn i measc an phobail, trí thuiscint a fháil ar agus aithint cúiseanna leathana drochshláinte agus trí straitéisí agus gníomhartha spriocdhírthe idirearnálacha eolais poiblí a cheapadh le díriú orthu.

Cur Chuige Cúrsa Saoil

Téitear i bhfeidhm ar phátrúin sláinte, breoiteachta agus galar ag céimeanna éagsúla de shaol duine, agus bíonn éifeachtaí ar feadh an tsaol ag na nithe a tharlaíonn i rith na mblianta luatha. [49]. Tá peirspictíocht cúrsa saoil ag Éire Shláintiúil a chuireann chuig sláinte mar chontanam comhtháite seachas mar

chéimeanna scoite agus neamhghaolmhara. Is sprioc ríthábhachtach den Chreat polasaí seo é tacú le daoine taitneamh a bhaint as saol sláintiúil agus gníomhach, agus é ag tosú sa bhroinn agus ag leanúint ar aghaidh tríd an óige, ógántacht, aosacht agus seanaois. Tá deiseanna idirghabhála le seirbhísí cúram sláinte, institiúidí oideachais agus fostóirí, mar shampla, i gceist ag príomhphointí aistrithe, amhail dul i mbun nó éirí as scolaíocht, clann a bheith ag duine nó dul ar scor. [50]. Is mian le Éire Shláintiúil dul i bhfeidhm go dearfach ar tháscairí sláinte agus chur leis an mbearna sláinte agus folláine idir ghrúpaí socheacnamaíocha a dhúnadh. Má chumhachtaítear daoine ar feadh a saoil, cabhrófar le dálaí sláinte níos fearr a chruthú.

Idirghabháil Luath agus Dul In Aois Sláintiúil

Tá sé taispeánta go mbíonn ráta toraidh níos fearr ar infheistíocht i dtionscnaimh idirghabhála luaithe atá dírithe ar pháistí agus teaghlaigh ó thaobh forbairt leanaí, míbhuntáiste oideachais agus obair tuismitheoirí ná idirghabháil níos déanaí. [51] Is é an t-am is éifeachtaí le hidirghabháil a dhéanamh ó thaobh laghdú éagothroime agus feabhsú torthaí sláinte agus folláine ná roimh an mbreith agus sa luath-óige.

Bíonn bunús galar ainsealach a bhaineann le haois in eispéreas luath-óige chomh maith. Síneann cinntithigh maidir le dul in aois dearfach níos faide ná seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta, agus cuimsíonn siad fachtóirí socheacnamaíocha, timpeallachta agus polasaí shóisialta eile chomh maith.

Tosaíonn fíorchur chuige córasach cúrsa saoil i leith dul in aois dearfach ag am na breithe agus treisíonn sé an gá atá le tosaíocht a dhéanamh d'idirghabháil luath dá bharr. Tá gá ag dul in aois dearfach agus sláintiúil chomh maith le idirghabhálacha spriocdhírthe ilearnála atá dírithe ar phríomhghrúpaí riosca sa phobal chomh maith.

Glacfaidh Éire Shláintiúil le fócas straitéiseach ar na sineirgí idir sláinte agus folláine do dhaoine óga agus daoine breacaosta araon.

Tomhas agus Measúnú

Ar mhaithe le rath inbhuanaithe i bhfeabhsú sláinte agus folláine agus i ndul i ngleic le héagothroime sláinte, ní mór monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh uirthi ar fud leibhéil éagsúla an chórais. [48] Cuimsíonn sé seo forbairt táscairí agus socrú spriocanna intomhaiste, in éineacht le próiseas foirmiúil tuairiscithe chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

4.0 FÍS, SPRIOCANNA AGUS CREAT LE HAGHAIDH GNÍOMHÚ

4.1 Fís agus Spriocanna

Is í an fhís atá againn ná: Éire shláintiúil: áit ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, áit a bhfuil luach ar fholláine agus é tacaithe ar gach leibhéal den tsochaí agus é mar fhreagracht ar gach duine.

Aithníonn an fhís seo luach bunúsach na sláinte agus folláine do dhaoine aonair, pobail agus sochaí mar aonad agus aithníonn sé gur gá do gach cuid den tsochaí a páirt féin a dhéanamh chun sochaí shláintiúil a bhaint amach ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint aisti.

Tá ceithre sprioc Éire Shláintiúil leagtha amach thíos. Tá nasc idir na ceithre sprioc seo, tá siad idirspeleach agus tacaíonn siad go frithpháirteach lena chéile.

Sprioc 1: Comhréir na ndaoine a bhíonn sláintiúil ag gach céim den saol a mhéadú

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo leibhéal sláinte agus folláine a fheabhsú ag gach céim de shaol duine, chun minicíocht an iompair mhíshláintiúil a chuireann le galar ainsealach a laghdú, agus chun an oiread coisc nó braith a dhéanamh ar ghalair agus riochtaí sláinte go luath a mhéadú, ar mhaithe le hidirghabháil rathúil.

Agus muid ag glacadh le cur chuige cúrsa saoil chun sláinte agus folláine a chur chun cinn – aird a dhíriú ar fhachtóirí riosca agus idirghabháil luath ag príomhphointí athraithe saoil, amhail tosú de nó éirí as scolaíocht, clann a bheith ag duine nó dul ar scor – rachaidh Éire Shláintiúil i bhfeidhm go dearfach ar tháscairí sláinte.

Sprioc 2: Éagothroime sláinte a laghdú

Tá gá le fócas sa sprioc seo ar na bearnaí idir na haicmí oibre agus grúpaí socheacnamaíocha is airde agus is ísle, agus idir na ceantair is saibhre agus is boichte a íslíú, ionas gur féidir éagothroime sláinte a laghdú. Is sprioc thábhachtach é seo, ós rud é go soláthróidh laghduithe ar éagothroime sláinte anois fóirtheairbhí don tsochaí agus do ghlúine daoine ina gcónaí in Éirinn amach anseo.

Beidh gá le réitigh chasta le haghaidh na sprice seo, agus iad ag síneadh ar fud earnálacha, chomh maith le timpeallachtaí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus fisiceacha a chruthú a chothaíonn maireachtáil shláintiúil, agus í tacaithe ag idirghabháil atá spriocdhírthe go sóisialta agus a dhíríonn ar na riachtanais ar leith atá ar ghrúpaí faoi riosca.

Sprioc 3: An pobal a chosaint ar bhagairtí sláinte agus folláine

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo a chinntiú go bhfuil straitéisí agus idirghabháil éifeachtach agus chomhtháite ag Éirinn chun an pobal a chosaint ar bhagairtí nua agus éiritheacha ar shláinte agus folláine. Tá sé rithabhachtach go mbeifí réidh le bagairtí sláinte poiblí a chosc, freagra a thabhairt orthu agus teacht aniar uathu go tapa, chun sláinte phoiblí ár náisiúin a chosaint agus a dhaingniú. Dhírigh paindéim fluú H1N1 2009 aird ar an tábhacht atá le pobail a bheith ullamh le haghaidh bhagairtí féideartha. Tá córais láidre stáit agus sláinte poiblí áitiúla mar chloch choirnéil freagra éifeachtach sláinte poiblí.

Sprioc 4: Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus eanáil den tsochaí a bpáirteanna féin a dhéanamh chun Éire shláintiúil a bhaint amach

Níl bunús an Chreata polasaí seo ag brath go hiomlán ar an réasúnaíocht nó an fhianaise a thacaíonn leis. Tá sé sna comhpháirtíochtaí a ligfidh don Chreat a bheith curtha i bhfeidhm chomh maith agus sa chomhaontú gur gá an fhreagracht as páirt a ghlacadh a roinnt chun na tairbhí a roinnt.

Ós rud é go bhfuil na dúshláin a bhaineann le daonra fóirshláintiúil a chruthú iolrach agus casta, ní mór caidreamh a chruthú idir earnálacha agus a rólanna i ndíriú ar chinntithigh sláinte agus folláine a aithint. Tá comhpháirtíochtaí – idir Ranna Rialtais, ar fud earnálacha nó sa phobal – tá siad riachtanach do chur i bhfeidhm iomlán an Chreata.

Tá go leor straitéisí, treoirlínte, agus cláir idirearnálacha Rialtais ann cheana; mar shampla, Clár Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, Taisteal Níos Cliste: Iompar Inbhuanaithe Amach Anseo, ár dToghcháil Inbhuanaithe – Creat le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, An Straitéis Náisiúnta Drugaí, Títhe Níos Teo: Straitéis le haghaidh Fuinneamh Inbhuanaithe in Éirinn, Folláine i Meánscoileanna: Treoirlínte ar Mheabhairshláinte a Chur Chun Cinn agus Féinmharú a Chosc; agus Bí Gníomhach; Corpoideachas, Gníomhaíocht Fhisiceach agus Spórt do Leanaí agus Daoine Óga. Tá obair eile á bhforbairt faoi láthair, amhail an Straitéis ar Dhul in Aois Dearfach, Creat Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga agus an Straitéis Sláinte Gnéasaí.

Is leas poiblí iad sláinte agus folláine agus is sócmhainní iad d'fhorbairt agus téarnamh eacnamaíoch na hÉireann

Conclúid


Cuireann Éire Shláintiúil struchtúr uileghabhálach rialachais agus meicníochtaí monatóireachta ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm na straitéisí seo, d'fhonn sláinte agus folláine a fheabhsú do na daoine go léir, ag gach céim den saol agus i ngach cuid den tsochaí.

Tá acmhainneacht leathan feidhmiúcháin ag baint le ceithre sprioc Éire Shláintiúil agus bainfear amach iad tríd an obair atá déanta cheana a chomhdhlúthú agus a athchumrú, pé áit ar gá, chomh maith le tionscnaimh nua a chruthú.

Tá gá le rannpháirtíocht earnálacha uile na sochaí, agus cabróidh cur chuige rannpháirtíochta Éire Shláintiúil le bacainní ar bith ar an rannpháirtíocht sin a bhaint (Féach ar an léaráid ar leathanach 17).



ÉIRE SHLÁINTIÚIL AG OBAIR I GCOMHAR LE COMHPHÁIRTITHE



4.2 Creat Gníomhartha le haghaidh Éire Shláintiúil

Soláthraíonn Éire Shláintiúil creat gníomhartha agus clár a rianaítear siar go dtí na spriocanna; cabhróidh cuid mhaith acu le breis is sprioc amháin a bhaint amach. Aithníonn an Creat comhpháirtithe riachtanacha soláthair do gach gníomh.

Cuirfear na gníomhartha atá leagtha amach in Éire Shláintiúil i bhfeidhm mar thionscadail chomhtháite agus chomhordaithe a rianófar agus a thacófar tríd an gClár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte agus tuairisceofar iad don Choiste Comhaireachta ar Pholasaí Sóisialta.

Cuirtear gníomhartha i ngrúpaí faoi shé théama:

Téama 1	Rialachas agus Polasaí
Téama 2	Comhpháirtíochtaí agus Obair Thrasearnála
Téama 3	Daoine agus Pobail a Chumhachtú
Téama 4	An Earnáil Sláinte agus Leasú
Téama 5	Taighde agus Fianaise
Téama 6	Monatóireacht, Tuairiscú & Meastóireacht

Aithníonn an Creat comhpháirtithe riachtanacha soláthair do gach gníomh. Ní hionann na comhpháirtithe atá liostaithe agus liosta uileghabhálach. Agus plean feidhmiúcháin á fhorbairt d'Éire Shláintiúil (féach rannóg 6), aithneofar 'daoine atá freagrach go díreach' chun gníomh a stiúradh agus aithneofar liosta iomlán comhpháirtithe.

Cuirfear gníomhartha nua straitéiseacha leis an gcreat de réir a chéile, de réir mar a fhorbraítear comhpháirtíochtaí agus go dtéann siad in aibíocht agus de réir mar a leabaítear na bearta rialachais agus cuntasachta taobh istigh de na sruthanna oibre.

Tá na gníomhartha seo mar bhonn le cur chuige ar fud an Rialtais maidir le sláinte agus folláine agus cuirfear ar fáil é ar fud na n-earnálacha. Beidh sraith prionsabal eiticíúil mar bhonn leis an obair seo; cothromas, cothroime, comhréireacht, oscailteacht agus cuntasacht, dlúthpháirtíocht agus inbhuanaitheacht. Tá cur síos orthu seo in Aguisín 2. Tá Creat 64 gníomh Éire Shláintiúil le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe liostaithe de réir téama ar na leathanaigh seo a leanas.



TÉAMA 1 – RIALACHAS AGUS POLASAÍ

Ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar chinntithigh leathana sláinte, tá gá le cur chuige ar fud an Rialtais agus ar fud na sochaí. Faoi Chreat Éire Shláintiúil, beidh rialachas gnéithe sláinte ar fud réimsí polasaí á stiúradh ar an leibhéal Rialtais is airde.

Chomh maith leis sin, is gá reachtaíocht, rialú agus treo polasaí a chur chun cinn ar fud Ranna Rialtais chun cur i bhfeidhm polasaithe páirtithe leasmhara éagsúla agus gníomhartha atá bunaithe ar fhianaise a éascú do shláinte agus folláine fheabhsaithe. Feabhsóidh gníomhartha a cheaptar chun rialachas a neartú cuntasacht, trédhearcach agus rannpháirtíocht.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
1.1	Déanfaidh Coiste na Comhairle ar Pholasaí Sóisialta, rud a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach air, déanfaidh sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm Éire Shláintiúil. Déanfaidh an Coiste maoirseacht, monatóireacht agus díreoidh sé ar pholasaí, cláir oibre agus pleananna gníomhaíochta comónta chun sláinte agus folláine a fheabhsú.	RT agus Ranna Rialtais eile ar an gCoiste Comhairle ar Pholasaí Sóisialta.
1.2	Bunófar ‘Comhairle Éire Shláintiúil’ a mbeidh páirtithe leasmhara éagsúla páirteach ann, rud a sholáthróidh fóram náisiúnta comhairleach le tacú le cur i bhfeidhm an Chreata ar fud earnálacha.	An tsochaí shibhialta, an earnáil pobail agus dheonach, an earnáil phríobháideach, an earnáil Rialtais, reachtúil agus Cearchumainn.
1.3	Bunófar Clár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte leis na hacmhainní atá ann cheana, chun cur i bhfeidhm agus measúnú leanúnach Éire Shláintiúil a luathú.	An Roinn Sláinte agus Stiúrtóireachtaí FSS.
1.4	Oibreoidh aonaid pholasaí sna Ranna Rialtais agus eagraíochtaí atá mar chomhpháirtithe leis an gClár Sláinte agus Folláine chun pleananna comhtháite agus comhordaithe idir-earnála a chruthú, le dul i ngleic le fachtóirí riosca agus cinntithigh shóisialta sláinte.	Gach Roinn Rialtais bhainteach, Stiúrtóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla agus earnálacha eile.
1.5	Oibreoidh an Clár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte leis an Aonad Cuimsithe Shóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí chun forbairt ar Mheasúnacht Tionchair Shóisialta comhtháite (MTS) a éascú mar ghné d’fhorbairt polasaí agus anailís ar thionchar polasaí.	RS, RCS, RCPRÁ, agus gach Roinn Rialtais bhainteach eile, BTS, ISP agus saineolas bainteach acadúil.

*Tá gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
1.6	Ceanglóidh an rialtas ar gach eagraíocht agus áit oibre earnála poiblí sláinte agus folláine a lucht oibre, a gcliant agus an phobail a bhfreastalaíonn siad air a chur chun cinn agus a chosaint. Sonrófar na gealltanais seo i bpleananna corparáideacha, straitéiseacha agus/nó gnó.	Eagraíochtaí earnála poiblí.
1.7	Coiste ilearnála foirmiúil a bhunú chun meicníochtaí náisiúnta chomhordaithe a sholáthar, le dul i ngleic le agus freagra a thabhairt ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar shláinte dhaonna, timpeallachta agus ainmnithe, i gcomhréir le riachtanais Chomhairle an AE.	An RS, Stiúirthóireachtaí FSS, RCPRÁ, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bainteacha reachtúla agus eile de réir mar is cuí.
1.8	Scrúdú, réasúnú agus sruthlíniú a dhéanamh ar obair na ngrúpaí idir-earnála, nasc a dhéanamh idir réimsí comhleasa agus soláthar a dhéanamh do mheicníochtaí níos éifeachtúla d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí.	Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí eile atá páirteach i ngrúpaí tras-earnála.
1.9	Moltaí ar leith a cheapadh maidir le ról féideartha údarás áitiúil i réimse na sláinte agus folláine, agus aird ar na prionsabail atá leagtha amach in Alt 2.5 den Chlár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach.	An RS, RCPRÁ, údaráis áitiúla, Stiúirthóireachtaí FSS.
1.10	Sonrófar gníomhartha a fheabhsóidh líonraí comhoibríochta le dul i ngleic le bagairtí sláinte poiblí idir daoine gairmiúla sa leigheas sláinte poiblí, sláinte timpeallachta, rialú agus cosc ionfhabhtuithe, saotharlann sláinte phoiblí, seirbhísí tagartha agus ullmhacht éigeandála sláinte poiblí.	An RS, Stiúirthóireachtaí FSS, RCPRÁ, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bainteacha reachtúla agus eile de réir mar is cuí.



TÉAMA 2 – COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS OBAIR THRASEARNÁLA

Tá baint amach na spriocanna atá leagtha amach i gcreat Éire Shláintiúil ag brath ar rannpháirtíocht cuid mhaith dreamanna éagsúla sa tsochaí. Léiríonn bunú ‘Comhairle Éire Shláintiúil’ go náisiúnta an bhéim agus an tosaíocht a bhaineann le comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht thrasearnála. Beidh a gcéad chruinniú ag an gComhairle seo i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Tá sé an-tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil freagracht as gníomhú ar chinntigh sláinte agus iompar sláinte cothromaithe idir an Stát, an earnáil phríobháideach agus fostóirí, pobail, teaghlaigh agus daoine aonair. Beidh sé díreach chomh tábhachtach a chinntiú gur féidir le ról a bheith ag gach earnáil agus gach cuid den tsochaí, amháil lucht gnó, fiontraíochta, acadúil, na meáin, comhlachtaí gairmiúla, eagraíochtaí daonchairdiúla, comhlachtaí pobail agus deonacha, agus comhlachtaí ionadaíochta, cumainn eagraithe, cumainn ghinearálta, fondúireachtaí, fóraim pobail agus daoine aonair. Beidh rithábacht do chur i bhfeidhm an Chreata ag baint leis na caidrimh a chruthófar agus a chothófar ar fud earnálacha, agus an tacaíocht a thabharfar do chuspóir comónta a shainmhíniú.

Tá tábhacht le struchtúir áitiúla a aithint le haghaidh cur i bhfeidhm agus cén chaoi ar féidir tacú leo seo tríd an gCreat seo, le bheith ag obair ar chlár oibre choitianta. Is ar an leibhéal seo is féidir le daoine aonair, grúpaí agus tionscadail pobail agus deonacha, comhpháirtíochtaí spóirt, scoileanna áitiúla, gnóthaí, foirne cúraim phríomhúil, Gardaí pobail srl. idirghníomhaíocht a dhéanamh le bheith ag obair le chéile.

Tá ról rithábachtach ag údaráis áitiúla cheana i gcosaint agus cur chun cinn sláinte agus folláine go háitiúil; seo an cás atá ann go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
2.1	Déanfaidh an Clár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte comhordú ar fhorbairt samhlacha agus tacaí chun abhcóidí sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chothabháil i ngach gné den tsochaí agus forbróidh sé príomhchomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí deonacha agus eile, rudaí a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm go dearfach ar shláinte agus folláine.	Ranna Rialtais, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, údaráis áitiúla, an earnáil phobail, an earnáil phríobháideach.
2.2	Déanfaidh comhpháirtithe sláinte áitiúla teagmháil le húdaráis áitiúla ina gcuid oibre le díriú ar fhorbairt áitiúil agus pobail, agus é mar aidhm gníomhartha a chomhordú agus roinnt eolais a fheabhsú le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe.	Údaráis áitiúla, Stiúrthóireachtaí FSS, RCPÚÁ, RS, an earnáil dheonach agus pobail, agus an earnáil phríobháideach.
2.3	Déanfar measúnú go háitiúil ar thionchair sláinte agus folláine agus tabharfar sainordú do chur chuige le haghaidh Measúnacht chomhtháite Tionchair Shóisialta go háitiúil. Forbrófar uirlisí agus tacaí d’údaráis áitiúla, le cabhrú leo obair a dhéanamh ar fud earnálacha ar leibhéal náisiúnta agus contae i measúnú sláinte agus folláine a dhéanamh.	RCS, RS, RCPÚÁ, Údaráis Áitiúla, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae.

*Tá Gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
2.4	Modh agus amlíne a chomhaontú chun iniúchadh a dhéanamh ar chion oibre féideartha na 'gCoistí Seirbhísí do Leanaí' (CSLanna) idirghníomhaireachta chun sláinte agus folláine teaghlach agus pobail a fheabhsú.	RLGÓ, GTLT, RS, Stiúrthóireachtaí FSS, RCS, údaráis áitiúla, CSLanna.
2.5	Déanfar athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht comhréir limistéir seirbhísí sláinte le teorainneacha údaráis áitiúla cathrach contae, ós rud é go bhfuil ailíniú soláthair seirbhíse agus teorainneacha riaracháin tar éis a bheith aitheanta mar chumasóir suntasach le haghaidh cur i bhfeidhm gníomhartha.	RS, RCPÚÁ, RLGÓ, Stiúrthóireachtaí FSS.
2.6	Anailís a dhéanamh ar an mbonneagar tacaíochta pobail atá ann cheana chun saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus a chumasú, in éineacht le saorálaíocht ar fud an timthrialla saoil. Cibé áit ar féidir, déanfar na tacaí seo a chomhdhlúthú agus a neartú ar mhaithe le comhréir na bpáistí agus na ndaoine fásta ag gach aois a bhíonn páirteach sna gníomhaíochtaí seo a mhéadú. Tá obair an iar-Thascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach bainteach maidir leis seo.	Gach Roinn Rialtais bhainteach, gníomhaireacht reachtúil, na hearnálacha deonacha, pobail agus príobháideacha.
2.7	Déanfaidh pleanálaithe polasaí sláinte agus sóisialta, coimisinéirí agus cláir mhaoiniúcháin tosaíocht de chláir atá bunaithe sa phobal dóibh siúd is mó atá i mbaol, atá thíos leis an míbhuntáiste is mó agus a bhfuil an deis is mó le haghaidh tionchair agus príomhshruthú ag baint leo.	RS, Ranna bainteacha Rialtais eile, comhlachtaí poiblí.
2.8	Cuirfear tionscnaimh coisc agus idirghabhála luaithe atá bunaithe ar fhianaise agus atá dírithe ar pháistí agus teaghlaigh i bhfeidhm, agus fócas ann ar dtús ar cheantair míbhuntáiste, agus fianaise á baint ón gClár Coisc agus Idirghabhála Luaithe.	RLGÓ, GTLT, RS, RCS, Stiúrthóireachtaí FSS agus dreamanna eile.
2.9	Cuirfear plean i bhfeidhm a chinnteoidh go n-úsáidfear branda Éire Shláintiúil – siombail agus aitheantóir le haghaidh tionscadail, cláir agus gníomhartha Sláinte agus Folláine –go cuí agus go héifeachtach ar fud na n-earnálacha.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS, Roinn Rialtais agus gníomhaireacht reachtúil.
2.10	Cruthófar comhpháirtíochtaí forghníomhacha go náisiúnta agus go háitiúil chun ról na hearnála príobháidí a ghníomhachtú i ndírú ar chinntigh leathana sláinte agus folláine agus feabhsú shláinte an daonra. Forbrófar samhlacha rannpháirtíochta earnála príobháidí le cabhrú le húdarais náisiúnta agus áitiúla, pobail áitiúla agus eile in uasmhéadú rannpháirtíocht dhearfach gnóthaí i dtacú le daoine, teaghlaigh, bailte, cathracha agus contaetha sláintiúla.	Roinn Rialtais, gníomhaireacht reachtúil, údarais áitiúla, an earnáil phobail, dheonach agus phríobháideach.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
2.11	Forbrófar plean chun leibhéil gníomhaíochta fisicí méadaithe a chur chun cinn i measc an phobail, mar eiseamláir den chaoi a n-oibreoidh Éire Shláintiúil. Beidh ríthábhacht leis an gComhairle Sláinte agus Folláine i bhforbairt nasc le agus idir chomhpháirtithe agus i gcomhairle a chur ar fáil ar thosaíochtaí.	Roinn Rialtais, gníomhaireacht reachtúil, údaráis áitiúla, gach hearnálacha lena n-áirítear an tsochaí shibhialta.
2.12	Obair leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar a gCiste Comhairleach Sláinte chun gnéithe de ghníomhaíochtaí cosanta sláinte daoine agus timpeallachta a chomhtháthú agus a fheabhsú tuilleadh thart timpeall ar fheidhmeanna an GCC agus feidhmeanna gníomhaireachtaí agus earnálacha gaolmhara.	GCC, RS, RCPÚÁ, Stiúrthóireachtaí FSS, BTS agus dreamanna eile.
2.13	Cláir ar chur chun cinn meabhairshláinte a chomhcheangal le hidirghabháil a dhíríonn ar chinntithigh níos leithne agus fadhbanna sóisialta mar chuid de chur chuige ilghníomhaireachta, go háirithe i gceantair ina bhfuil díothacht agus scoilteadh mór socheacnamaíoch.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS, ONFC, RLGÓ, GTLT, Ranna Rialtais eile, gníomhaireacht reachtúil agus an earnáil phobail agus dheonach.
2.14	Déanfaidh Ranna Rialtais iniúchadh ar na cláir go léir atá acu cheana a bhfuil sé mar aidhm leo sláinte agus folláine a gcliant.	Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla.



TÉAMA 3 – DAOINE AGUS POBAIL A CHUMHACHTÚ

Tá gá le réimse straitéisí agus gníomhartha comhtháite a thacaíonn lena chéile chun daoine a spreagadh, a thacú agus a chumasú chun roghanna níos fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Ar mhaithe le cuspóirí Éire Shláintiúil a bhaint amach agus cloí le spriocanna maidir le sláinte fheabhsaithe agus éagthroime laghdaithe sláinte, caithfear díriú ar bhealaí éifeachtacha chun daoine agus pobail a chumhachtú le feabhsú a dhéanamh agus glacadh le freagracht as a sláinte agus a bhfolláine féin.

Ciallaíonn sé seo go mbeidh gá le nithe agus gníomhartha do ghrúpaí leochaileacha agus don daonra i gcoitinne agus tá sé tábhachtach smaoineamh ar bhealaí tástáilte agus costéifeachtacha chun iompar níos sláintiúla a spreagadh agus meabhairshláinte a fheabhsú. Beidh tábhacht le cur i bhfeidhm straitéisí chun grúpaí leochaileacha a chumhachtú agus chun tógáil ar a mbuanna aonair agus comhchoiteanna. Cuimsíonn grúpaí leochaileacha daoine faoi mhíchumas agus a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, lucht dífhostaithe, pobail faoi mhíbhuntáiste, grúpaí mionlaigh srl. Cuideoidh múscailt feasachta agus gníomhartha ar chinntithigh shóisialta sláinte le pobail a bhfreagra ar na dúshlán a théann i bhfeidhm ar shláinte agus folláine ina bpobail féin a eagrú agus a chomhchruinniú.

Tá sé soiléir gur gá gníomhartha atá ceaptha le daoine agus pobail a chumhachtú chun roghanna níos sláintiúla a dhéanamh a chothromú le réimse forálacha níos leithne a rachaidh i bhfeidhm ar na roghanna atá ag daoine, m.sh, roghanna rialaitheacha agus reachtúla chun an timpeallacht chinnteoireachta a oiriúnú no a athrú, nó chun soláthar a dhéanamh do chaighdeán cháilíochta agus sábháilteachta.

Ní féidir gannmheas a dhéanamh ar thionchar na hidirghníomhaíochta dearfaí sóisialta. Tá ríthábhacht le hidirghníomhaíocht shóisialta agus nascacht shóisialta agus rannpháirtíocht i saol an phobail chun daoine a chumhachtú mar dhaoine aonair agus chun pobail láidre a thógáil le haghaidh sláinte agus folláine.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
3.1	Tacú agus nasc a dhéanamh le comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana chun cumas cinnteoireachta na bpáistí agus na ndaoine óga a fheabhsú trí neartú féinmhuiníne, athléimneacht, freagraí ar bhrú sóisialta agus idirphearsanta, litearthacht sláinte agus meán (lena n-áirítear litearthacht meán sóisialta).	RS, ROS, RLGÓ, Ranna bainteacha Rialtais eile, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, an earnáil obair óige, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.2	An tOideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (SPHE) a chur i bhfeidhm go hiomlán i suíomhanna bunscoile, meánscoile agus Ógtheagmhála, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an chlár Corpoideachais agus tionscnamh Bhrait na Scoileanna Gníomhacha.	ROS, RS, RLGÓ, Ranna bainteacha Rialtais eile, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.3	Tacú le, nascadh le agus feabhsú breise a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana agus a bhfuil sé mar aidhm leo méadú a dhéanamh ar chomhréir na ndaoine óga a chríochnaíonn oideachas lánaimseartha.	An ROS, RLGÓ, RS, Stiúrthóireachtaí FSS, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.4	Tacú le, nascadh le agus feabhsú breise a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana agus a bhfuil sé mar aidhm leo cumas tuismitheoirí, cúramóirí agus teaghlach tacú le roghanna níos sláintiúla dá bpáistí agus dóibh féin a fheabhsú.	An RS, ROS, RLGÓ, Ranna eile, údaráis áitiúla, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.

*Tá Gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
3.5	Tacú le, nasc a dhéanamh le agus feabhsú breise a dhéanamh ar na comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana, a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le daoine níos sine, ar mhaithe lena bhfolláine fhisiceach agus mheabhrach a chothabháil, a fheabhsú nó a bhainistiú.	RS, RCS, RCPÚÁ, RCS, Stiúirthóireachtaí FSS, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.6	Tacú le, nasc a dhéanamh le agus feabhsú breise a dhéanamh ar na comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana, a bhfuil sé mar aidhm leo bacainní ar rannpháirtíocht a bhaint agus tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtíocht daoine níos sine i ngach gné den saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch ina bpobail.	RS, RCPÚÁ, Stiúirthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, údaráis áitiúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.7	Tacú le, nasc a dhéanamh le agus feabhsú breise a dhéanamh ar na comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana a bhfuil sé mar aidhm leo daoine a chumasú le dul in aois le muinín agus iad compordach, slán agus le dínit ina n-áiteanna cónaithe agus a bpobail féin ar feadh an oiread ama agus is féidir.	RS, RCS, RCPÚÁ, Stiúirthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, údaráis áitiúla, comhlachtaí deonacha agus an earnáil phríobháideach.
3.8	Díreofar ar litearthacht sláinte agus déanfar tosaíocht do le príomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt polasaí agus idirghabháil oideachais agus eolais amach anseo.	RS, RLGÓ, ROS, Stiúirthóireachtaí FSS, an earnáil sláinte, gníomhaireachtaí reachtúla, comhlachtaí deonacha, agus an earnáil phríobháideach.
3.9	Rannpháirtíocht a neartú i gcinnteoireacht ar shláinte agus folláine sa phobal. Mar shampla, trí údaráis áitiúla, seirbhísí pobail atá maoinithe ag an Rialtas nó trí straitéisí rannpháirtíochta úsáideoirí na seirbhíse sláinte.	Údaráis áitiúla, Stiúirthóireachtaí FSS, comhlachtaí deonacha, pobail áitiúla, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach.
3.10	Tímpeallachtaí a spreagann gníomhaíocht a chruthú: lánaí rothaíochta, áiteanna súgartha, cosáin atá soilsithe go maith srl. Déanfaidh údaráis áitiúla teagmháil le pobail áitiúla, scoileanna agus páirtithe leasmhara eile chun áiseanna atá oiriúnach do riachtanais an phobail a phleanáil.	Údaráis áitiúla, comhlachtaí deonacha, pobail áitiúla agus an earnáil phríobháideach.
3.11	Straitéisí a fhorbairt chun nascacht shóisialta a fheabhsú ar feadh chúrsa an tsaoil agus chun nasc a dhéanamh leis na daoine is mó a bhfuil gá acu le hacmhainní, seirbhísí, oideachas, cúram sláinte.	Ranna bainteacha Rialtais, údaráis áitiúla, an earnáil sláinte agus gach earnáil den tsochaí.
3.12	Saineolas agus cumas cumarsáide a nascadh ar fud na n-earnálacha chun straitéisí cumarsáide a chinntiú atá comhsheasmhach, d'ardchaighdeán, inrochtana agus áititheach, agus iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán.	Iomlán an Rialtais agus na sochaí.

TÉAMA 4 – SLÁINTE AGUS LEASÚ SLÁINTE

Tá gá le córas sláinte éifeachtach chun sláinte agus folláine a fheabhsú agus tá lucht oibre inniúil, oilte agus ildisciplíneach ar an acmhainn is tábhachtach chun seirbhísí sláinte agus folláine a sholáthar. Má táthar chun spriocanna Éire Shláintiúil a bhaint amach, beidh gá le córais éifeachtacha sláinte phoiblí agus feabhsaithe sláinte.

Tá cur síos déanta ag creat an Rialtais le haghaidh leasú sláinte, 'Sláinte Amach Anseo – Creat Straitéiseach le haghaidh Leasú Sláinte', ar an gcaoi a bhforbrófar na struchtúir taobh istigh den tseirbhís sláinte le tacú le daoine le teacht ar chúram ar bhealach níos éasca agus a gcuirfear cur chun cinn sláinte agus cosc drochshláinte mar chroílár an leasaithe chomh maith. [47] Tá lucht oibre atá solúbtha, iloilte agus dírithe ar fhoirne riachtanach chun leasuithe sláinte a dhéanamh.

Tá an lucht oibre feabhsaithe sláinte agus do chur chun cinn sláinte ilghnéitheach agus forleathan, agus iad ag obair sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha/pobail. Chomh maith le gairmeacha traidisiúnta sláinte poiblí, tá ról a bhfuil a thábhacht ag dul i méid ag daoine gairmiúla sláinte eile amhail dochtúirí, dochtúirí ginearálta, oibrithe sóisialta, altraí, cnáimhseacha, cógaiseoirí, fiacróirí, síceolaithe agus daoine gairmiúla gaolmhara sláinte eile. Tá ról ríthábhachtach chomh maith ag daoine a bhíonn ag obair i ndisciplíní agus suíomhanna nach mbaineann leis an earnáil sláinte, amhail lucht oideachais, pleanálaithe cathrach, oifigigh tithíochta agus iompair, oifigigh phromhaidh agus oifigigh leasa, tá ról ríthábhachtach acu siúd chomh maith i bhfeabhsú sláinte agus folláine. Tá sé mar aidhm ag Éire Shláintiúil tacú tuilleadh le cultúr oibre sa tseirbhís sláinte a dhéanann tosaíocht de chur chuige straitéiseach i leith comhpháirtíochtaí trasearnála agus comhoibriú.

Cé go gceanglaíonn Éire Shláintiúil ar earnálacha éagsúla a bheith ag obair le chéile ar fud an Rialtais agus na sochaí, tá gá aici le comhpháirtíochtaí agus comhoibriú ardleibhéil taobh istigh den earnáil sláinte féin chomh maith. Caithfidh sé a bheith mar thoradh ar shocruithe nua struchtúir i gcomhthéacs leasú sláinte go mbeidh comhoibriú feabhsaithe agus níos éifeachtaí taobh istigh den earnáil sláinte. Beidh tacaíocht do, agus monatóireacht ar chomhoibriú idir cúram príomhúil, cúram sóisialta agus pobail, meabhairshláinte, ospidéal, scagthástáil ailse, clár chliniciúla agus an Stiúirthóireacht nua Sláinte agus Folláine, beidh siad seo go léir ríthábhachtach do chur i bhfeidhm rathúil Éire Shláintiúil. Beidh gá le cothromaíocht a bhaint amach idir meicníochtaí soiléire náisiúnta ceannaireachta agus cuntasachta agus féinriail go háitiúil le haghaidh nuálaíochta agus dul chun cinn.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
4.1	Díreoidh gach socrú nua rialachais le haghaidh struchtúir leasaithe sláinte atá sonraithe sa Chreat straitéiseach 'Sláinte Amach Anseo' ar spriocanna agus prionsabail straitéiseacha sláinte agus folláine.	RS agus Stiúirthóireachtaí FSS.
4.2	Spriocanna agus gníomhartha sláinte agus folláine a chomhtháthú le socruithe oibre idir stiúirthóireachtaí agus feidhmeanna mar chuid den chlár leasaithe.	RS agus Stiúirthóireachtaí FSS.
4.3	Measúnú bunlíne a dhéanamh ar bhuanna agus laigí an chumais reatha sláinte agus folláine.	RS agus Stiúirthóireachtaí FSS.
4.4	Plean acmhainní daonna agus forbartha sláinte agus folláine a fhorbairt, d'fhonn cumas a chruthú le haghaidh gníomhaíochtaí sláinte agus folláine.	RS, RLGÓ, GTLT agus Stiúirthóireachtaí FSS.
4.5	Foirne náisiúnta ildisciplíneacha a bhunú taobh istigh den Stiúirthóireacht Sláinte agus Folláine chun ceannaireacht a sholáthar agus a bheith freagrach as réimsí polasaí tosaíochta.	RS agus Stiúirthóireachtaí FSS.

*Tá Gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
4.6	Beidh buiséid le haghaidh sláinte agus folláine á gcoinneáil ag an Stiúrthóir ar an Stiúrthóireacht Sláinte agus Folláine. Cuirfear próisis i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh socruithe maoinithe earnáil sláinte agus comhaontuithe seirbhíse saincheaptha i gcomhréir le tosaíochtaí polasaí Sláinte agus Folláine taobh istigh de thomhas agus aschur feidhmíochta. Feabhsófar tuairisciú sonraí ardchaighdeáin cáilíochtúla agus cainníochtúla ó eagraíochtaí maoinithe, le cinntiú go mbeidh an saineolas san earnáil dheonach ag dul i bhfeidhm ar fhorbairtí seirbhíse, polasaí agus straitéise.	RS agus Stiúrthóireachtaí FSS.
4.7	Tacaíocht bhreise a thabhair do rólanna foireann áitiúil sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag obair i suíomhanna pobail, amhail altráí sláinte poiblí; bealaí a cheapadh chun a saineolas a úsáid chun sláinte na bpobal áitiúil a fheabhsú agus tacaíocht a fhorbairt lena aghaidh seo.	RS agus Stiúrthóireachtaí FSS.
4.8	Cinntoidh go mbíonn cláir agus tionscadail atá suite sa phobal dírithe ar iompar sláintiúil agus cosc galar a chur chun cinn i measc na bpobal is mó atá i mbaol.	RS agus Stiúrthóireachtaí FSS.
4.9	Lucht oibre coisc oilte, ilghnéitheach agus iloilte a chur chun cinn, trí oiliúint agus forbairt leanúnach ghairmiúil d'oibríthe cúraim phríomhúil, foireann feabhsaithe agus tionscnaimh sláinte, sláinte phoiblí, lucht oideachais (lena n-áirítear daoine a oibríonn in earnáil na luathbhlianta), sláinte timpeallachta, cosaint sláinte agus foireann in earnálacha eile.	Roinn Rialtais bhainteach, gníomhaireachtaí reachtúla, Stiúrthóireachtaí FSS, rialaitheoirí agus comhlachtaí oiliúna .
4.10	Cinntiú go gcuireann pleananna le haghaidh tabhairt isteach Árachas Uilíoch Sláinte an gá atá le seirbhísí cúraim choiscthigh agus ícigh a ailíniú agus a chomhtháthú thart timpeall ar riachtanais an phobail, go gcuireann siad san áireamh iad.	RS agus Stiúrthóireachtaí FSS.
4.11	Athbhreithniú agus nuashonrú ar dhlíthe agus uirlisí sláinte poiblí chun córais agus feidhmeanna sláinte poiblí a nuachóiriú agus a neartú.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí reachtúla, RCPÚÁ, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bainteacha reachtúla.
4.12	Athbhreithniú a dhéanamh ar rialú, forfheidhmiú dlí, ceadúnú, creidiúnú agus rialú cáilíochta le haghaidh seirbhísí sláinte poiblí agus saotharlainne, i gcomhréir le rialacháin idirnáisiúnta.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS, gníomhaireachtaí bainteacha reachtúla agus seirbhísí saotharlainne.
4.13	Caighdeáin cháilíochta agus feidhmíochta, táscairí agus dul chun cinn iniúchta Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS agus gníomhaireachtaí bainteacha reachtúla.

TÉAMA 5 – RTAIGHDE AGUS FIANAISE

Ní mór dúinn na cuspóirí, cláir, straitéisí maoiniúcháin, straitéisí cumarsáide, idirghabhálacha, cleachtais oibre agus gníomhartha taobh istigh den Chreat seo a bhunú ar fhianaise láidir agus a chinntiú go mbíonn acmhainní dírithe ar thionscnaimh atá bunaithe ar fhianaise, pé áit ar féidir.

Is príomhréimse den chaoi a mbainimid amach na ceithre sprioc ardleibhéil é luathú an ghlactha le heolas nua agus nuáil trí dhul chun cinn san eolas eolaíoch. Tá rithábacht le cur i bhfeidhm comhsheasmhach fianaise ar na nithe a n-éiríonn leo agus na hidirghabhálacha a théann i bhfeidhm go dearfach ar iompar sláinte, ar bhealach costéifeachtach, tá siad rithábachtach i socrú polasaí agus infheistíocht i gcláir choisc. Tá gá le cumas anailís sláinte daonra den chéad scoth le tuiscint a fháil ar bhagairtí ar shláinte an phobail agus chun iad a thuar. Is gné thábhacht den chlár oibre taighde chomh maith í infheistíocht i dtaighde chun teicneolaíochtaí nó cóireálacha nua a fhorbairt.

Forbrófar plean taighde de chuid Éire Shláintiúil chun an bonn eolais a thógáil agus chun an cumas taighde agus measúnaithe sláinte agus folláine a fheabhsú, taobh istigh de na seirbhísí sláinte agus níos faide anonn. Beidh gá le hiniúchadh ar acmhainní, scileanna agus bonneagar lena aghaidh seo, le cur le gníomhartha, chun comhdhlúthú, comhordú agus feabhsú a dhéanamh ar éifeachtúlacht ár dtaighde, measúnaithe agus ár ngníomhaíochtaí feidhmiúcháin. Leagfaidh an plean taighde seo amach gníomhartha a dhéanfaidh ar bhearnaí sa bhonn eolais de réir a chéile; déanfaidh sé a leithéid ar bhealach atá tairbheach agus a chuireann riachtanais taighde agus tosaíochtaí straitéiseacha earnálacha eile san áireamh. Mar chuid den obair seo, beidh gá le hacmhainní a chur ar fáil do agus díriú go leanúnach ar: dáileadh taighde; nuálaíocht agus straitéisí éifeachtacha aistrithe eolais; agus meicníochtaí chun taighde a chur i bhfeidhm sa chleachtas agus sa chumraíocht agus soláthar seirbhíse.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
5.1	Plean taighde a fhorbairt le haghaidh Éire Shláintiúil. Forbróidh an plean straitéisí tomhais ar leith le díriú ar bhearnaí eolais agus chun sonraí a ghabháil ar fud an chúrsa saoil, chomh maith le gníomhartha a aithint le haghaidh dáileadh agus cur i bhfeidhm feabhsaithe eolais.	RS, ISP, BTS, Stiúrthóireachtaí FSS, PS, Ranna eile Rialtais agus lucht maoinithe taighde, lucht acadúil.
5.2	Obair leis an BTS chun plean a chur i bhfeidhm atá deartha le cumas taighde a thógáil i réimse na sláinte agus folláine, agus straitéisí agus ardáin ar leith a fhorbairt le haghaidh dáileadh, aistriú eolais agus cur i bhfeidhm polasaí, cleachtais agus forbairt seirbhíse a bhfuil taighde tar éis cur leo.	RS, BTS, Stiúrthóireachtaí FSS, GCC, ROS, institiúidí acadúla, comhlachtaí oiliúna agus gairmiúla.
5.3	Gníomhartha tacaíochta chun caighdeánú, leathnú agus príomhshruthú a dhéanamh ar na cláir oibre atá ann cheana, agus iad deartha chun sonraí próifílithe pobail ar riachtanais sláinte agus shóisialta a chur ar fáil go háitiúil.	RS, Stiúrthóireachtaí FSS agus údaráis áitiúla.

*Tá Gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
5.4	Comhpháirtíocht agus uirlisí a fhorbairt le tacú le Measúnacht chomhtháite Tionchair Shóisialta.	RS, RCS, Stiúrthóireachtaí FSS agus údaráis áitiúla.
5.5	Tionscadal taighde a fhorbairt leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar éagothroime sláinte agus bochtaineacht, mar chuid de chlár taighde na Roinne Coimirce Sóisialaí ar mhonatóireacht treochtaí bochtaineachta agus í bunaithe ar Shuirbhé an PS ar Ioncaim agus Dáláí Maireachtála.	RCS, RS agus cinn eile de réir mar is cuí.
5.6	Cuirfear naisc san AE agus go hidirnáisiúnta sa taighde chun cinn m.sh. Modh Oscailte Comhordaithe an AE ar chosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta, cúram leighis agus cúram fadtéarmach; eacnamaíocht choisc an OECD; coiste chomhairleach Eorpach an EDS ar thaighde sláinte; an Fhaireachlann Eorpach ar Chórais agus Polasaithe Sláinte.	RS; BTS; Stiúrthóireachtaí FSS; RCS, RLGÓ, cinn eile de réir mar is cuí.



TÉAMA 6 – MONATÓIREACTH, TUAIRISICÚ & MEASTÓIREACTH

Beidh cumas agus córais mhonatóireachta sonraí den scoth riachtanach chun dul chun cinn a rianú maidir le spriocanna a bhaint amach chun meastóireacht a dhéanamh ar an rath atá ag Éire Shláintiúil. Tá go leor córas agus uirlisí faisnéise i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus folláine, chomh maith le rioscaí a bhaineann le nós maireachtála. Cé go ndéanann cuid acu siúd tuarascála ar bhonn tráthúil (m.sh. suirbhéanna míosúla), tá a gcruinneas agus a mbeachtas teoranta. Ní mór modhanna leanúnacha agus nua bailithe sonraí a aithint, agus ní mór rialuithe agus measúnuithe cáilíochta leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanann na sonraí, go hiontaofa agus go bailí, an rud díreach a ghabháil atá beartaithe a thomhas. Mar chuid den bheart seo, tá sé riachtanach go ndéantar gealltanais agus gníomhartha tras-earnála a shainmhíniú, a chainníochtú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú. Tá líon sainmhínithe táscairí agus sonraí iontaofa riachtanach lena chinntiú gur féidir cuntasacht agus feidhmíocht a mhonatóiriú go cruinn.

Forbrófar ‘Creat Torthaí’ a dhéanfaidh táscairí caighdeán a shonrú ar a bhfuil measúnú rialta riachtanach chun feidhmíocht na spriocanna sláinte agus folláine agus na dtáscairí feidhmíochta a mhonatóiriú agus a bhrú ar aghaidh. Sainmhíneofar ‘leibhéil’ táscairí agus déanfar samhail láidir agus chuimsitheach a chomhaontú le haghaidh tomhais agus meastóireachta.

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
6.1	‘Creat Torthaí’ a fhorbairt a dhéanfaidh táscairí agus spriocanna bunlíne a shonrú, nuair is cuí.	RS, RLGÓ, ROS, RCPRÁ, Údaráis áitiúla, BTS, ISP, Stiúrtóireachtaí FSS, POS, Ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí reachtúla, de réir mar is cuí.
6.2	Táscairí bunlíne a chur ar bun le leibhéal, réimse agus éifeachtúlacht de chomhoibriú tras-Rialtais ar fud réimsí tosaíochta sláinte a thomhas. Déanfaidh Coiste na Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta na torthaí ó na próisis seo a athbhreithniú.	RS, grúpa ildisciplíneach agus tras-earnála.
6.3	Nuashonruithe bliantúla a thairgeadh ar gníomhaíocht shláinte agus folláine, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil a ullmhú. Cuirfidh an tAire Sláinte na tuarascála seo faoi bhráid Choiste na Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta.	RS, Stiúrtóireachtaí FSS agus gníomhaireachtaí reachtúla.
6.4	Agus creat torthaí á fhorbairt, déanfar líonraí taighde, comhoibriú acadúil agus grúpaí sonraí agus taighde a shainmhíniú, a neartú agus a fhorbairt (mar a bhfuil bearnaí).	RS agus Roinn Rialtais bhainteach, BTS, ISP, Stiúrtóireachtaí FSS agus Údaráis áitiúla.

*Tá Gluais giorrúcháin do chomhpháirtithe cur síos a dhéanamh atá leagtha amach in Aguisín 3

Tagairt	Gníomh	Comhpháirtithe*
6.5	Plean scaipthe agus tuairiscthe sonraí a dhéanamh le haghaidh táscairí sláinte agus folláine le húsáid ag an earnáil sláinte agus earnálacha eile. Is cuspóir níos fadtéarmaí é próifílí bliantúla sláinte agus folláine a fhoilsiú ag leibhéal an chontae.	RS, RLGÓ, BTS, Stiúrtóireachtaí FSS, Údaráis áitiúla agus comhpháirtithe eile de réir mar is cuí.
6.6	Táscairí cuí a fhorbairt ar stádas sláinte, neamhionannais sláinte agus rochtain ar sheirbhísí sláinte i gcomhar le Grúpa Comhairleach Teicniúil na Roinne Coimirce Sóisialaí.	RCS, RS agus Grúpa Táscairí Choiste Coimirce Sóisialaí an AE.
6.7	Tacar sonraí bunúsach leanaí a fhorbairt.	RS, RLGÓ, ROS, RCS, Stiúrtóireachtaí FSS agus cinn eile de réir mar is cuí.
6.8	Meicníochtaí bailithe sonraí atá ann cheana féin a fheabhsú agus – nuair is úsáideach – a dhaingniú; mar shampla, cuirfear Clár Náisiúnta Imdhíonta i bhfeidhm.	RS agus Stiúrtóireachtaí FSS.
6.9	Samhlacha a fhiosrú chun soláthar de thacaíocht agus comhairle mheasúnaithe a thacú, go háirithe i dtaca le tionscnaimh ar scála níos lú agus cláir fhorbartha an phobail.	RS, BTS, ISP, Stiúrtóireachtaí FSS agus gníomhaireachtaí reachtúla, de réir mar is cuí.



5.0 CREAT TORTHÁÍ LE HAGHAIDH ‘ÉIRE SHLÁINTIÚIL’

Déanfar Creat Torthaí Éire Shláintiúil faoi dheireadh 2013. Uirlis a bheidh sa Chreat Torthaí a ligfidh do mheasúnacht chuspóireach ar cibé acu an bhfuil dífeair á dhéanamh ag Éire Shláintiúil nó nach bhfuil. Déanfaidh an Creat Torthaí na spriocanna ag Éire Shláintiúil a neartú. Leagfaidh an Creat Torthaí táscairí ar leith amach i dtaca le gach sprioc, ar a mbeidh riachtanas ar chomhpháirtithe seachadta feabhsúcháin a léiriú. Ligfidh an Creat Torthaí do chomhpháirtithe, don rialtas níos leithne agus don sochaí na príomhthosaíochtaí a thuiscint maidir le sláinte agus folláine a fheabhsú agus beidh sé ina chuidiú le fócas a chur ar iarrachtaí le gníomhíochtaí a chur in ord tosaíochta. Beidh tionchar díreach aige sin ar shláinte agus folláine a fheabhsú thar an saolré.

Leagfaidh an Creat Torthaí amach táscairí ar leith do gach sprioc agus beidh ar chomhpháirtithe soláthair feabhsuithe a léiriú ina leith

5.1 Creat Torthaí a Fhorbairt

Cuirfidh dianchleachtadh sainaitheanta, measúnachta agus sonraíochta táscairí taca faoin bpróiseas. Déantar forbairt de Chreat Torthaí a phreideacáidíú ar thorthaí de mheasúnacht láidir ar an líon mór de chórais agus d'uirlisí faisnéise atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus folláine, ar rioscaí bainteacha a bhaineann le nós maireachtála agus ar tháscairí i dtaca le cinntitheach níos leithne na sláinte freisin. Ligfidh sainaitheantú agus sonraíocht de shraith chuimsitheach táscairí ábhartha do gach sprioc do dhul chun cinn ar shláinte agus folláine an daonra thar an saolré a thomhas.

D'fhéadfadh bunú de tháscairí agus córais bhailithe sonraí nua a bheith mar chuid de Chreat torthaí a fhorbairt i gcomhoibriú le comhpháirtithe ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta. Cuirfidh na measúnuithe seo a leanas forbairt de Chreat Torthaí ar an eolas:

- Déanfar táscairí a shainaitheantú agus a mheasúnú tar éis sraitheanna táscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta i sláinte a mheas (m.sh. tacar sonraí Comónta Sláinte an Daonra, nó táscairí Eorpacha Sláinte an Daonra) agus in earnálacha bainteacha (m.sh. deais táscairí an chomhshaoil).

- Beidh sé tábhachtach cinntithigh níos leithne na sláinte a ghabháil agus earnálacha agus codanna an Rialtais eile a bheith páirteach chun táscairí iomchuí a shainaitheantú leis na cinntithigh níos leithne a thomhas.
- Tá táscairí riachtanach ag an leibhéal náisiúnta agus, nuair is féidir, ba chóir go mbeadh táscairí ar fáil ag leibhéal an chontae; is é an aidhm níos fadtéarmaí táscairí a fhoilsiú go bliantúil ag leibhéal an chontae.
- Ní mór táscairí a dhí-chomhbhailiú thar an saolré agus a bheith curtha ar an eolas ag cur chuige na saolré.
- Agus cur chuige na saolré á léiriú, ní mór táscairí a mheas i gcomhthéacs na gcúinsí inar rugadh, ina maireann, ina bhfoghlaimíonn, ina n-oibríonn daoine, srl. Dá bhrí sin, beidh roinnt táscairí sonracha do shuíomhanna ar leith, amhail scoileanna, ionaid oibre agus ospidéal.
- Ní mór táscairí a bheith dí-chomhbhailithe ag príomhghnéithe comhionannais amhail:
 - athróga déimeagrafacha, soch-eacnamaíochta nó oideachasúla, m.sh. eispéaras de bhochtaineacht agus díothacht, leibhéil de ghnóthachtáil oideachais.
 - bearta eisiaimh shóisialta, m.sh. daoine difhostaithe, daoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, grúpaí de mhionlaigh eitneacha, baill den lucht taistil, agus grúpaí LADT (Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach).
- Cuirfear táscairí ar an eolas ag iarrachtaí ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta chun spriocanna a thomhas agus a leagan síos i dtaca le torthaí folláine agus sláinte poiblí, m.sh. ECFE, Coimisiún an AE, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip.

Nuair a fhoilseofar é, beidh an Creat Torthaí faoi réir próiseas tréimhsiúil sainmhínte athbhreithnithe, de réir mar a athraítear nó a fhorbraítear córais fhaisnéise. D'fhéadfadh táscairí a bheith faoi réir próiseas tosaíochta ar bhonn de riachtanais an AE, riachtanais reachtúla nó tosaíochtaí beartais.

5.2 Réimsí Táscairí agus Spriocanna atá ann cheana féin i dtaca le Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe

Tá táscairí agus spriocanna a bhaineann leis na ceithre sprioc ardleibhéal i roinnt beartas, straitéisí agus clár an Rialtais atá ann cheana féin. I measc na samplaí ná an Straitéis Chardashoichíoch, Treoirlínte ar Bhia Sláintiúil, Taisteal Níos Cliste, an Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe, an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta agus i dTreo Sochaí atá Saor ó Thobac, Equal but Different; creat le comhionannas inscne a chomtháthú i mBeartas, Pleanáil agus Seachadadh Seirbhíse Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Leagann na fo-ailt seo a leanas príomhréimsí táscairí amach atá ábhartha do gach sprioc. Cuirfidh siadsan forbairt de Chreat Torthaí ar an eolas. Déantar tagairt, nuair atá sé ar fáil agus iomchuí, sna fo-ailt seo a leanas d'aon táscaire atá ann cheana féin sna réimsí agus spriocanna bainteacha seo a sainaitníodh i mbeartais nó i straitéisí roimhe.

5.2.1 Sprioc 1 – Táscairí - Céatadán na nDaoine atá Sláintiúil ag gach Céim den Saol a Mhéadú

I measc na réimsí táscairí atá ábhartha don sprioc seo ná stádas sláinte, meáchan, otracht, úsáid tobac, úsáid alcóil, gníomhaíocht fhisiceach, féin-dochar agus folláine mheabhrach. Tá cinntithigh níos leithne ábhartha freisin, amhail connectedness sóisialta nó fáil ar agus rochtain ar spásanna glasa, agus déanfar iad siúd a mheas i bhforbairt de Chreat Torthaí d'Éire Shláintiúil. Agus an Creat á fhorbairt, déanfar measúnú ar tháscairí a áireamh atá sonrach do shuíomhanna nuair a dhéantar sprioc de ghrúpaí daonra, m.sh. spriocanna do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus suíomhanna obair don aos óg le cinntiú go bhfuil polasaithe bia sláintiúil i bhfeidhm chomh maith maith le táscairí a dhéanann cur chun cinn agus cur i bhfeidhm de ghníomhaíocht fhisiceach trí chlár um Oideachas Fisiceach foirmiúil agus meáin eile a thomhas.

Sprioc 1 - Réamh-Tháscairí agus Réamh-Spriocanna Príomhfheidhmíochta

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
Stádas Sláinte	Ionchas saoil shláintiúil a mhéadú ag 65 bliain d'aois trí: galracht a laghdú; básmhaireacht fhoriomlán agus anabáí de cheithre ghalar mhóra neamhtheagmhálacha. Mortlaíocht naíonán a laghdú sna 1,000 beobhreith.	Tá <ul style="list-style-type: none"> • Ionchas saoil • Sonraí galracha minicíocht galar ainsealach 	Tá <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010 • An Straitéis um Rialú Ailse in Éirinn, 2006 • Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha ar Straitéis Náisiúnta um Mí-Úsáid Substaintí, 2012
Meáchan	Líon na ndaoine fásta agus na leanaí a bhfuil meáchan sláintiúil acu a mhéadú.	Tá	Tá <ul style="list-style-type: none"> • Méadú le 5% le céatadán na ndaoine fásta a bhfuil meáchan sláintiúil acu faoi 2019 • Méadú le 6% le céatadán na leanaí a bhfuil meáchan sláintiúil acu faoi 2019 • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010
Aiste Bia	Céatadán na ndaoine fásta a itheann na cúig riar molta nó níos mó de thorthaí agus glasraí sa lá a mhéadú.	Tá	Tá <ul style="list-style-type: none"> • Céatadán na ndaoine fásta a itheann na cúig riar molta nó níos mó de thorthaí agus glasraí sa lá a mhéadú le 20 % • Healthy Eating Guidelines in Ireland, FSAI, 2011 • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
	Tomhaltas laethúil salainn a laghdú.	Tá	Tá Níor chóir do dhaoine fásta níos mó ná 6g de shalann a thomhail sa lá. <ul style="list-style-type: none"> • Healthy Eating Guidelines in Ireland, FSAI, 2011 • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010
Caitheamh Tobac	Leitheadúlacht de chaitheamh tobac i measc daoine fásta a laghdú.	Tá	Tá Leitheadúlacht fhoriomlán de chaitheamh tobac ag an daonra a laghdú le 1% <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010
	Rátaí tionscnaimh chaitheamh tobac a laghdú i measc daoine óga.	Tá	Tá Rátaí tionscnaimh chaitheamh tobac a laghdú le 1 % <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010
Alcól	Tomhaltas alcóil ar fud an daonra a laghdú.	Tá	Tá An méid alcóil a ólann daoine níos sine ná 15 bliana d'aois a laghdú go dtí tomhaltas bliantúil an duine de 9.2 lítear d'fhíoralcóil <ul style="list-style-type: none"> • Tuarascáil ón nGrúpa Stiúrtha ar Polasaí Mhí-úsáid Substaintí 2012
Folláine	Leibhéil d'fhéindochar thar gach céim na beatha a laghdú.	Tá	Níl
	Ráta féinmharaithe thar gach grúpa daonra a laghdú.	Tá	Níl
	Folláine an daonra a mhéadú agus leibhéil fholláine a mhéadú i measc grúpaí i mbaol.	Tá	Níl
Gníomhaíocht Fhisiceach	Céatadán an daonra a dhéanann gníomhaíochtaí fisiceacha rialta a mhéadú – thar gach céim na beatha.	Tá	Tá Céatadán an daonra a dhéanann gníomhaíochtaí fisiceacha rialta a mhéadú le 20 % <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte Chardashoithíoch a Athrú: Polasaí Sláinte Náisiúnta Chardashoithíoch, 2010

5.2.2 Sprioc 2 - Tháscairí - Neamhionannais Sláinte a Laghdú

Beidh táscairí caighdeánaithe sa Chreat Torthaí a dhéanann cur síos ar dhifríochnaí sláinte agus folláine thar agus laistigh de ghrúpaí daonra. Is ardleibhéal iad na réamh-réimsí táscairí atá leagtha amach thíos, agus áirítear spriocanna ar chinntithigh shóisialta. Cuireann bearta ar glacadh leo go hidirnáisiúnta na táscairí seo ar an eolas, lena n-áirítear obair Sir Michael Marmot.

Trí thomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar na fachtóirí a chuireann le neamhionannais sláinte agus ar na sonraí a léiríonn difríochtaí san eispéireas ar fud na saolré agus ar fud na sochaí, ligfear do mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Beidh sé tábhachtach tuairisciú ar na táscairí seo ar ghrúpáil shocheacnamaíoch agus ag leibhéal geografach a éascóidh pleanáil áitiúil agus a ligfidh do chomparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh.

Goal 2 - Réamh -Tháscairí agus Réamh-Spriocanna Príomhfheidhmíochta

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
Stádas Sláinte	An bearna in ionchas saoil sláintiúil a laghdú ag aois 65 idir na grúpaí is airde agus is ísle socheacnamaíocha.	Tá	Tá Spriocanna le haghaidh grúpaí ar leith, m.sh., an lucht taistil. • An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 2002 • An Plean Náisiúnta Gnómhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007
	An bearna i mortlaíocht roimh am a laghdú idir na grúpaí is airde agus is ísle socheacnamaíocha i dtaca le galair imshruthaithe, ailís, gortuithe agus nimhiú.	Tá	Tá Spriocanna le haghaidh grúpaí ar leith, m.sh., an lucht taistil. • An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 2002 • An Plean Náisiúnta Gnómhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007
	An bearna i rátaí meacháin ísle a laghdú i leanaí ó na grúpaí is airde agus is ísle socheacnamaíocha chomh maith leis an gcéatadán de naíonáin ísealmheáchan breithe ar fud grúpaí socheacnamaíocha.	Tá	Tá • An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 2002
	Céatadán na leanaí a bhaineann leibhéal maith forbartha amach ag cúig bliana d'aois a mhéadú.	Níl	Níl
Imeacht Ón Scoil in Aois Óg	Rátaí coinneála de dhaltáí i scoileanna dara leibhéal a mhéadú.	Tá	Níl

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
Cuimsiú Sóisialta	Céatadán na ndaoine i mbaol bochtaineachta a laghdú.	Tá	Níl
	Céatadán an daonra i mbochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú.	Tá	Tá Bochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú go dtí 4 % faoi 2016 agus go dtí 2% nó níos lú faoi 2020 ó bhunlíne de 6.2 % i 2010 • An Sprioc Náisiúnta Shóisialta le haghaidh Laghdú Bochtaineachta: An Roinn Coimirce Sóisialaí • An Plean Náisiúnta Gnómháochta um Chuimsiú Sóisialta 2007
	Riachtanas féintuairisce the neamh-chomhlíonta le haghaidh cúraim leighis a laghdú.	Tá	Níl
Stádas Folláine	Sonas agus folláine féintuairisce the a mhéadú ar fud grúpaí socheacnamaíocha.	Tá	Níl



5.2.3 Sprioc 3 – Táscairí - An pobal a chosaint ó bhagairtí ar shláinte agus folláine

Forbrófar táscairí agus spriocanna mionsonraithe le haghaidh bagairtí sláinte poiblí sa Chreat Torthaí. Beidh siadsan ag díriú ar chur chuige agus freagra uile-guaiseacha riosca-bhunaithe. Tá roinnt táscairí agus spriocanna ann cheana féin a bhaineann le riachtanais reachtúla maidir le galair thógálacha a bhrath, faireachas a dhéanamh orthu agus a rialú, rialú tobac, sábháilteacht bia, caighdeán aeir agus uisce, fluairídiú na soláthairtí uisce, srl.

Tá an fhreagracht as polasaí agus reachtaíocht maidir le cuid mhaith cinntithigh timpeallachta ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rud a leagann béim ar an ngá atá le cur chuige tras-earnála chun spriocanna ardeibhéil sláinte agus folláine a bhaint amach.

Sprioc 3 - Réamh-Tháscairí agus Réamh-Spriocanna Príomhfheidhmíochta

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
Cosc, Rialú agus Faireachas de Ghalair Thógálacha	Rátaí imdhíonta do leanaí a mhéadú.	Tá	Tá Mar shampla, roghnú 95% d'imeadhóidh HPV óige agus 80% i gcás imeadhóidh HPV • Treoirlínte Náisiúnta Imdhíonta 2008 • Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS, 2013
	Rátaí imdhíonta do leanaí a mhéadú do dhaoine fásta agus oibríthe cúram sláinte i mbaol.	Tá	Tá • Treoirlínte Náisiúnta Imdhíonta 2008
	Cosc, rialú agus faireachas méadaithe ar ghalair thógálacha.	Tá	Tá • Treoirlínte HPSC
Comhshaoil	Cloí le táscairí timpeallachta (aeir, uisce, torann) agus bia.	Tá	Tá Treoracha Reachtúla agus AE
Bagairtí ar Shláinte an Phobail	Comhlíonadh le táscairí sainmhínithe i Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, EDS.	Tá	Tá IRialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, EDS
Bia	Minicíocht ionfhabhtuithe bia-iompartha a laghdú, trí chloí feabhsaithe le táscairí sábháilteachta bia.	Tá	Tá Cloí le Táscairí de réir forfheidhmiú reachtaíochta ag ÚSBE (FSAI) agus Treoracha ón AE

5.2.4 Sprioc 4 – Táscairí - Timpeallacht a chruthú inar féidir le Gach Duine Aonair agus Gach Earnáil na Sochaí a bPáirt a ghlacadh le Éire Shláintiúil a Bhaint Amach

Cé go bhfuil roinnt táscairí sna réimsí seo cheana féin, beidh sé riachtanach táscairí nua a shainaithint agus bearta nua bunlíne a bhunú don chuid is mó den obair seo. Tá cur síos thíos ar na réamh-réimsí agus na spriocanna atá ann cheana thíos.

Sprioc 4 - Réamh-Tháscairí agus Réamh-Spriocanna Príomhfheidhmíochta

Réimse	Táscaire Éire Shláintiúil	An bhfuil Táscaire Bunlíne ann?	Spriocanna nó foinsí le haghaidh forbairt táscairí féideartha
Obair thras-Rialtais	Beartas náisiúnta, plan forfheidhmithe, meicníochtaí cuntasachta agus monatóireacht ghníomhach a bhunú, agus an méid sin thuas a thuairisciú.	Tá	Níl
	Táscairí bunlíne a bhunú a dhéanann leibhéal, réimse agus éifeachtúlacht de chomhoibriú tras-Rialtais a thomhas.	Níl	Níl
Measúnacht ar Thionchar Sóisialta	Uirlisí measúnachta tionchair sóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Níl	Níl
Caipiteal Sóisialta	Céatadán na ndaoine a dhéanann obair neamhfhoirmiúil, neamhíochta charthanachta a mhéadú.	Tá	Níl
Obair thras-earnála	Táscairí bunlíne a bhunú a dhéanann leibhéal, réimse agus éifeachtúlacht de struchtúir le hoibriú tras-earnála a éascú a thomhas.	Níl	Níl
Rannpháirtíocht Úsáideora Poiblí agus Seirbhíse	Leibhéil de rannpháirtíocht úsáideora seirbhíse sa tseirbhís sláinte a mhéadú, ag leibhéal na n-údarás áitiúil agus in earnálacha eile.	Níl	Níl

6.0 FORFHEIDHMIÚ

Is é an luach breise d'Éire Shláintiúil a stádas mar Chreat beartais an Rialtais, a bhonn fianaise, a radharc ar an todhchaí, agus a bhéim ar chomhoibriú, cur i bhfeidhm, feidhmíocht agus torthaí idir-earnála. Bainfidh clár atá ann cheana féin tairbhe as an gceannaireacht atá léirithe ag na leibhéil is airde den Rialtas, agus as tacaíochtaí do chomhpháirtíocht atá ag obair ar fud an Rialtais agus earnálacha. Déanfaidh an Clár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte forfheidhmiú a chomhordú, ag nascadh thar Rialtas isteach in earnálacha eile, agus ag cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí Éire Shláintiúil bunaithe ar fhianaise, agus go bhfuil siad éifeachtach agus tomhaiste agus measúnaithe go dlúth.

Forbrófar plean forfheidhmithe ardleibhéil le hamlínte bainteacha le haghaidh gníomhaíochtaí Éire Shláintiúil i 2013. Ina dhiaidh seo, foilseofar pleananna mionsonraithe agus níos sonraí i dtaca le réimsí beartais tosaíochta.

Forbrófar an Creat Torthaí i 2013 freisin.

Ag scáthánú an leibhéil chomhairliúcháin a rinneadh i bhforbairt d'Éire Shláintiúil, beidh pleananna forfheidhmithe agus an Creat Torthaí faoi réir ardleibhéil chomhairliúcháin ar fud earnálacha Rialtais, sláinte agus eile. Beidh sonrú de 'Dhaoine Aonair Fhreagracha Dhíreacha' do gach gníomh ina thréith thábhachtach de phleananna forfheidhmithe Éire Shláintiúil.

Beidh ról suntasach ag Stiúrthóireacht nua Sláinte agus Folláine sa FSS, ag cur le pleananna forfheidhmithe agus ag treorú agus ag stiúradh forfheidhmithe de chuid mhór de na gníomhaíochtaí atá mionsonraithe in Éire Shláintiúil.

Déanfaidh Coiste na Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta maoirseacht ar gach plean forfheidhmithe agus gach tuarascáil ar dhul chun cinn.

6.1 Prionsabail Oibriúcháin Éire Shláintiúil

Ag léiriú tréithe de chur chuige rathúil le sláinte agus folláine a fheabhsú (alt 2), cloifear leis na prionsabail treoraithe seo a leanas trí gach céim d'fhorfheidhmiú:

- Rialachas agus ceannaireacht níos fearr
- Úsáid níos fearr de dhaoine agus d'acmhainní
- Comhpháirtíochtaí níos fearr
- Córais níos fearr do chúram sláinte
- Úsáid níos fearr d'fhianaise
- Tomhas agus measúnú níos fearr
- Bainistíocht chlár níos fearr

Laistigh den earnáil sláinte, agus go sonrach laistigh den Stiúrthóireacht nua Sláinte agus Folláine, beidh an Clár Sláinte agus Folláine sa Roinn Sláinte ag obair le comhghleacaithe chun caighdeán a bhunú agus chun riachtanais soiléire tuairiscithe a fhoirmiú do gach clár oibre dá chuid, cibé acu forbairtí atá ann cheana féin nó forbairtí nua iad. Le taca a chur faoi gach gníomhaíocht beidh tomhas, monatóireacht, anailís agus tuairisciú riachtanach. Tabharfaidh an Clár Sláinte agus Folláine tacaíocht le cáilíocht a chinntiú trí na nithe seo a leanas:

1. *Sainnithint soiléir d'fhreagracht beartais, forfheidhmithe agus tuairiscithe*
2. *Maoirseacht soiléir ar bhuiséid, meicníochtaí rialaithe buiséid agus rialachas*
3. *Cumas d'fhorfheidhmiú comhsheasmhach de gníomhaíochtaí agus monatóireacht ar éifeachtúlacht d'fhorfheidhmiú*
4. *Cur i bhfeidhm de roinnt cur chuige fianaise-bhunaithe agus samhlaíoch dáilte maoinithe*
5. *Monatóireacht agus tuairisciú iontaofa ar gníomhaíochtaí agus torthaí*
6. *Struchtúir agus próisis bhainistíochta fheidhmíochta*

Forbrófar plean feidhmiúcháin ardleibhéil in éineacht le hamlínte gaolmhara do ghníomhartha Éire Shláintiúil in 2013



Obair

Baile

Oideachas

hi
Éire
Sláintiúil

Am Fóillíochta

Pobail

AGUISÍN 1 - ACHOIMRE AR LITRÍOCHT AR SHLÁINTE, A CINNTITHIGH AGUS FIANAISE LE DUL I NGLEIC LEIS NA RIOSCAÍ


A1. SLÁINTE AGUS CINNTITHIGH SHLÁINTE

Sula ndéantar gníomhaíochtaí a shainmhíniú le sláinte agus folláine in Éirinn a fheabhsú, tá cur síos ar stádas sláinte an daonra riachtanach, chomh maith leis an réimse an-leathan d'fhachtóirí a mbíonn tionchar acu air. Cinnteoidh an anailís seo go sainmhínear fadhbanna go ceart agus go moltar agus go gcuirtear i bhfeidhm gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe agus ardchaighdeán chun dul i ngleic leo.


A1.1 Demographics

Ó 2006, tháinig méadú gan fasach ar dhaonra na hÉireann de 8.2 faoin gcéad agus é anois ag 4.6 milliún duine. [52] Is gné láidir den phirimid daonra an líon an-ard de bhreitheanna go mall sna 1970í agus go luath sna 1980í (daoine idir 30 agus 34 bliain d'aois sa lá inniu; féach Fig 1). Tháinig an laghdú suntasach i mbreitheanna sna 15 bliana ina dhiaidh sin chuig pointe íseal i 1994 (fágóirí scoile 2012). Tá an méadú déanach i rátaí breitheanna an-soiléir sna grúpaí 0-4 agus 5-9 (Fig 1). [53]

Tháinig fás de 14.4 faoin gcéad ar líon na ndaoine 65 bliain d'aois agus níos sine ó 2006 agus fás de 22 faoin gcéad ar líon na ndaoine 85 bliain d'aois agus níos sine. Tá sé réamh-mheasta go leanfar leis an méadú sa chéatadán ag ráta atá beagnach leibhéal dúbáilte ná meán an AE (.i. 37 faoin gcéad in Éirinn faoi 2020 i gcomparáid le 19 faoin gcéad san AE). [54] Thar an tréimhse chéanna, is dócha go mbeidh athrú ar an tuiscint ar céard é seanaois, agus coincheapa de ghairmréim agus scor ag athrú mar fhreagra ar shaoilte oibre níos faide. [55] Cruthaíonn sé seo roinnt dúshlán nua i dtaca le cinntiú go gcoinníonn an líon daoine níos sine atá ag dul i méid an tsláinte agus an fholláine fhisiceach agus mheabhrach is fearr is féidir.



Figióir 1: Pirimid Daonra 2011. Foinse: POS



Figióir 2: Rátaí Báis aois-chaighdeánaithe le haghaidh Cúiseanna Roghnaithe in Éirinn 1991-2011

A1.2 Mortlaíocht

Maidir le sláinte fhoriomlán an daonra, le deich mbliana anuas tháinig laghdú de 22.5 faoin gcéad ar rátaí mortlaíochta agus méadaíodh ionchas saoil [12]. Bhí laghdú de bheagnach 36 faoin gcéad ar mhortlaíocht ó ghalair an chórais imshruthaithe idir 2001 agus 2010 agus laghdaíodh rátaí báis ailse le breis agus 15 faoin gcéad (Figióir 2).

Is ionann mortlaíocht ó ghalair an chórais imshruthaithe a bheag nó a mhór agus mortlaíocht ó ailse, in ainneoin go raibh sí 50 faoin gcéad níos airde deich mbliana ó shin agus beagnach 100 faoin gcéad níos airde fiche bliain ó shin. [12] Cuireadh laghdúithe ó lár na 1980í go dtí 2000 i leith éifeachtaí cóireála (43 faoin gcéad) agus i leith laghdúithe i bhfactóirí riosca an daonra (48.1 faoin gcéad) amhail caitheamh tobac, colaistéaról agus brú fola. [56] Mar sin féin, bhí siadsan seach-churtha ag méadúithe i dtreochtaí codarsnacha daonra a bhaineann le hotracht, diaibéiteas agus neamhghníomhaíocht fhisiceach.

Mura dtéitear i ngleic le treochtaí reatha in otracht agus i bhforbairt bhainteach de dhiaibéiteas, d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith ar threochtaí breathnaithe go dtí seo (féach Figióir 2).

Mar sin féin, níor bhain gach earnáil den sochaí an tairbhe chéanna as an laghdú ar rátaí mortlaíochta: agus is réamhtháscaire cumhachtach é aicme shóisialta ar ionchas saoil. Tá bearnaí fós ann idir na grúpaí is airde agus is ísle socheacnamaíocha; mar shampla, d'fhéadfadh oibríthe gairmiúla fireanna a bheith ag súil le maireachtáil go mbeidh siad 81.4 bliain d'aois, aois atá 6.1 bliana níos faide ná a bpiaraí neamhoilte. [57] Is iad na galair neamhtheagmhálacha (GNTanna) atá taobh thiar den chéatadán is mó de mhortlaíocht agus bás roimh am ar fud an domhain fhorbartha.

- Cé go bhfuil galair an chórais imshruthaithe ina gcúiseanna mór báis, tá laghdú ag teacht ar an ráta de mhortlaíocht roimh am atá ag baint leo mar gheall ar chosc agus cóireáil. Fágann an laghdú maith seo go mbíonn níos


mó daoine ag maireachtáil agus tinneas ainsealach fadtéarmach orthu. Tá tinneas ainsealach amháin ar a laghad ar bhreis agus trí cheathrú den daonra níos sine na 75 bliain d'aois. [58]

- Tá galar riospráide taobh thiar de mhéid suntasach de bhásanna roimh am, cailíocht laghdaithe na beatha agus costais shuntasacha ar an tseirbhís sláinte. [9]
- Is é caitheamh tobac an phríomhchúis le mortlaíocht inchoiscithe, agus Éire rangaithe mar an dara tír is airde san AE15 i dtaca le cúiseanna báis a bhaineann le caitheamh tobac.
- Bhí alcól taobh thiar de go bás go neasach gach mí i 2008 agus is factóir rannpháirteach é i leathchuid na bhféinmharuithe agus i bhféinchochar de bhun tola. [33, 34]
- Is í ailse an dara mórchúis de bhás in Éirinn, agus breis agus 8,500 bás in aghaidh na bliana mar gheall uirthi (30 faoin gcéad go neasach de na básanna go léir). [12]

- Le linn na tréimhse trí bliana 2007-2009 cláraíodh meán bliantúil de 29,745 cás ailse, méadú de 12 faoin gcéad ón meán bliantúil thar an tréimhse trí bliana roimhe sin. [13] Is é seo méadú 50 faoin gcéad go neasach i líon na n-ailsí in aghaidh na bliana ná mar a bhí ann i lár na 1990í, nuair a bailíodh sonraí ar ailse in Éirinn ar bhonn náisiúnta den chéad uair.
- Mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch, táthar ag súil go mbeidh éifeachtaí tánaisteach meabhrach a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar de mhéadú i rátaí báis féinmharithe agus alcóil. [28]
- Is saincheist shláinte, shóisialta agus eacnamaíoch atá ag dul i méid í sláinte mheabhrach, agus táthar ag súil go mbeidh galair dhúlgaire mheabhracha ina bpríomhchúiseanna de ghalair ainsealacha i dtíortha ardioncaim faoi. [22]
- Léiríonn sonraí daonra-bhunaithe ar fhéindochar de bhun tola cóireáilte san ospidéal ráta tarlaíthe atá ag laghdú, ó 209 sna 100,000 duine i 2003 go dtí 184 sna 100,000 duine i 2006, agus méadú breise go dtí 209 sna 100,000 duine i 2009. Breathnaíodh méaduithe 10 faoin gcéad leanúnacha sa ráta fireann i 2008 agus i 2009. Feictear rátaí buaice sna mná san aoisghrúpa 15-19 (620 sna 100,000 duine), agus sna fir san aoisghrúpa 20-24 (427 sna 100,000 duine). [90]
- Tá féinmharú i bhfad níos dóchúlúla i measc na bhfear ná na mban. Meadaíodh an ráta i measc na bhfear ó 8.4 i 1980 go dtí buaic de 23.5 i 1998 go dtí 20.0 sna 100,000 duine i 2009. D'fhan ráta féinmharaithe i measc na mban measartha comhsheasmhach, ó 4.3 i 1980 go dtí 4.3 i 1998 go dtí 4.9 sna 100,000 duine i 2009.

Cinntithigh na Sláinte

(Oiriúnaithe ó Dalghren agus Whitehead, 1991 agus ó Grant agus Barton, 2006)



Figiúr 3: Cinntithigh Shóisialta na Sláinte

² Sainmhíníodh meabhairshláinte mar staid fholláine ina n-aithníonn an duine aonair a gcumais féin agus é/í in ann déileáil le gnáthstruis laethúla an tsaoil. [59]

- I gcomparáid le tíortha eile, tá Éireannaigh óga faoi ró-ionadaíocht ina measc siúd a fhaigheann bás mar gheall ar fhéinmharú. [24] In Éirinn, is é an ráta mortlaíochta ó fhéinmharú san aoisghrúpa 15-24 an ceathrú ráta is airde san AE, agus an tríú ráta is airde i measc na bhfear óg d'aois 15-19. [25, 26]

A1.3 Cinntithigh Shóisialta na Sláinte

Is iad cinntithigh shóisialta na sláinte (SDH) réimse fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus folláine. Áirítear cúinsí inar rugadh daoine agus ina bhfásann siad aníos, ina maireann siad, ina n-oibríonn siad agus aois an duine. [49] Níl na fachtóirí seo, ata léirithe i bhFigiúr 3, ina gcúiseanna díreacha le tinneas de ghnáth, ach déantar cur síos orthu mar “cúiseanna na gcúiseanna”. [60-62] De réir a nádúir, níl na cinntithigh shóisialta eisiach do shláinte – is í bochtaineacht, mar shampla, príomhchinnititheach i dtaca le drochthorthaí oideachais.

Cé gurb é caitheamh tobac an chúis neasach de thinnis amhail GSTA (Galar Scamhóige, Toirmeascach Ainsealach), galar croí agus ailse scamhóg, is iad na fachtóirí sóisialta, lena n-áirítear fachtóirí cultúrtha agus timpeallachta, a chinneann go mór cibé acu an bhfuil dóchúlacht níos mó nó níos lú ann go gcaitheann duine tobac, agus sa chás go gcuireann siad tús leis, an dócha é go gcuirfidh siad deireadh leis go rathúil.

Tá sé fíor freisin, cé go bhfeabhsaíonn fás eacnamaíoch an tsláinte, cuireann sláinte níos fearr go suntasach freisin le táirgiúlacht eacnamaíoch agus fás. Bíonn dáimh ag an aidhm atá le dáileadh cothrom sláinte agus folláine le forbairt inbhuanaithe, dul i ngleic le bochtaineacht, pobail láidre a thógáil, agus leibhéil oideachais a ardú. Tá an fhianaise idirnáisiúnta ar an CSS (Cinntithigh Sóisialta na Sláinte) doiciméadaithe go maith agus folaíonn sé athbhreithniú a rinneadh chun fianaise cothrom le dáta a sholáthar do Sláinte 2020. [63-65]


Maíonn an t-athbhreithniú an cás morálta le haghaidh gníomhaíochta agus déanann an pointe, cé go bhfuil cosc ina ‘ceannach maith’, trí ghníomh ar chinntithigh shóisialta na sláinte, bíonn buntáistí eile ag an tsochaí, as a dtiocfaidh níos mó buntáistí láithreacha eacnamaíochta, b’fhéidir.

De thairbhe go mbíonn cinntithigh na sláinte i ngach earnáil na sochaí, agus go mbíonn eárnálacha go léir an Rialtais

freagrach as cuid acu nó gach ceann de na cinntithigh, nó a d’fhéadfadh siad tionchar a imirt orthu, tá sé riachtanach go mbeadh cur chuige uile-Rialtais ann chun patrúin riosca a aithint agus réitigh a shainnaint, chun gníomhú trí leibhéil éagsúla, agus chun freagracht a roinnt ar fud na réimsí agus eárnálacha beartais.

A1.4 Bealaí Cuir Chuige ar fud an Chórais go Léir agus SPGL

Tugann an fhianaise idirnáisiúnta le fios go bhfuil gá le cur chuige córais iomláin a chuimseoidh an rialtas agus an tsochaí chun feabhsuithe éifeachtacha a dhéanamh ar shláinte agus folláine. [3] Is minic a dhéantar tagairt dó seo mar Shláinte Sna Polasaithe Go Léir (SPGL). Tá cuid mhaith tíortha ar fud an domhain agus san AE ag iarraidh bealaí cuir chuige ar fud an Rialtais agus na sochaí a chur i bhfeidhm, le déileáil le cinntithigh leathana sláinte, amhail timpeallachtaí cónaithe na ndaoine, leibhéil oideachais agus mar sin de. Sa bhliain 2006, nuair a bhí Uachtaránacht na Fionlainne ar siúl, ghlac an AE le Sláinte Sna Polasaithe Go Léir le cur síos ar straitéis atá bunaithe ar fhianaise, agus í dírithe ar chomhtháthú breise a dhéanamh ar réimsí sláinte ar leibhéil Eorpacha cheaptha polasaí. Cuireann Creat straitéiseach polasaí an EDS, Sláinte 2020, cuireann sé bealaí cuir chuige comhtháite polasaí i bhfeidhm le dul i ngleic le dúshlán tosaíochta sláinte i réigiún Eorpach an EDS mar chroílár an chuir chuige atá aici. [3] Ní mór tacú le bealaí cuir chuige ar fud an Rialtais le huirlisí agus meicníochtaí chun bainistíocht a dhéanamh ar phróisis chasta pholasaí. Ina measc seo tá coistí comhaireachta, grúpaí idir-Rannacha agus Measúnú Tionchar Sláinte (MTS). Is ionann MTS agus ‘comhcheangal nósanna imeachta, modhanna agus uirlisí trínar féidir breithiúnas a thabhairt ar pholasaí, clár nó tionscnamh maidir lena éifeachtaí féideartha ar shláinte an daonra agus dáileadh na n-éifeachtaí sin taobh istigh den daonra’. [87] Is é cuspóir MTS ná tionchar a imirt ar chinnteoireacht ar mhaithe le sláinte, trí mholtaí atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar do chinnteoirí, chun uasmhéadú a dhéanamh ar thionchair dhearfacha sláinte agus íosmhéadú a dhéanamh ar thionchair dhiúltacha sláinte na moltaí. Tá MTSanna déanta ar chuid mhaith ábhar agus foilsíodh ceann acu le déanaí ar an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach cánach ar Dheochanna ina bhfuil go leor Siúcra in Éirinn. [88]



Figiúr 4: Ionchas Saoil ag Breith de réir Inscne agus Aicme Shóisialta (2006/2007) Foinsé: POS.

A1.5 Neamhionannais Sláinte

Is iad neamhionannais sláinte na difríochtaí idir stádas sláinte nó sa dáileadh de chinntigh shláinte idir grúpaí éagsúla an daonra mar gheall ar na dálaí inar rugadh daoine, agus ina bhfásann siad aníos, ina maireann siad, ina n-oibríonn siad agus aois an duine. Tá dáileadh neamhchothrom de na fachtóirí riosca a bhaineann le go leor galar ainsealach, agus an t-ualach díréireach acu siúd sna grúpaí socheacnamaíocha níos ísle. Tá réimse níos mó de dheiseanna saoil ag daoine a bhfuil suíomh socheacnamaíoch níos airde acu, chomh maith le tuilleadh deiseanna saol comhlíontach a bheith acu agus de ghnáth bíonn sláinte níos fearr acu. [49]

Tá rátaí de ghalar croí corónach agus diaibéiteas níos airde i gcodanna an daonra atá faoin díothacht níos mó, agus na rátaí

ag laghdú de réir mar a laghdaíonn an díothacht. [7]

Tá fachtóirí riosca amhail innéacs cormhaise, colaistéaról agus brú fola i gcónaí níos airde i measc na n-aicmí sóisialta ísealioncaim. [20]

Tá an grádán sóisialta soileir i sláinte mheabhrach freisin. Tá leibhéil dhúlagaire agus iontrálacha chuig ospidéal sícríatacha níos airde freisin i measc grúpaí socheacnamaíocha mí-iarmhaiseacha. [27] Tá baint ag fadhbanna meabhairshláinte freisin le díothacht, bochtaineacht, neamhionannas agus cinnitigh eile shóisialta agus eacnamaíocha na sláinte. [28] Is tréimhsí ardriosca iad géarchéimeanna eacnamaíocha i dtaca le folláine mheabhrach an daonra – idir do na daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus dá dteaghlach.

Tá dóchúlacht níos lú go nglacfaidh daoine ó ghrúpaí mí-iarmhaiseacha part in aclaíocht ag meánleibhéil go dtí ardleibhéil, agus tá níos mó dóchúlachta ann go n-itheann siad bia friochta agus go gcaitheann siad tobac. Tá na rátaí is airde caitheamh tobac (56 faoin gcéad) i measc na mban san aoisghrúpa 18-29 ó phobail bhochta, i gcomparáid le 28 faoin gcéad de mhná óga ó aicmí sóisialta níos airde. [30]

Tá 9% de na leanaí trí bliana d'aois i ngrúpaí socheacnamaíocha níos ísle murtallach, i gcomparáid le 5% sna grúpaí socheacnamaíocha níos airde agus tá aon chúigiú de na páistí go léir i ngach aicme shóisialta róthrom ar a laghad. [17]

Tá na difríochtaí in ionchas saoil de réir inscne agus aicme shóisialta suntasach, rud atá léirithe i bhFigiúr 4, maidir leis an ngrádán idir mná agus fir, agus ar fud an

ghrádán sóisialta.

De réir an EDS, tá gníomh ar neamhionannais sláinte riachtanach ar chinntithigh shóisialta go léir na sláinte, lena n-áirítear an tslí ina n-oibríonn na córais sláinte. [66]. Is annamh a bhíonn réitigh laistigh de na teorainneacha nó de na freagrachtaí d'aon eagraíocht amháin, agus tá gá ann aghaidh a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar thimpeallacht fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch na gceantar faoi mhíbhuntáiste. Ba chóir réitigh díriú freisin ar idirghabháil luath i gcúrsa saoil, béim a chur ar an dlúthbhaint idir sláinte fhisiciúil agus mheabhrach, agus ionstraimí foscacha agus beartais (praghsáil toitíní, praghas íosta le haghaidh alcóil) a úsáid chun cur ar chumas na bpobal faoi mhíbhuntáiste saolta níos sláintiúla a bheith acu. [67]

A1.6 Córais Sláinte

Tá cumas agus éifeachtúlacht de chorais sláinte³ ina gcinntithigh thábhachtacha shláinte freisin. [68] Shaináithin straitéis Sláinte 2020 EDS neartú de chórais láraithe ar dhaoine, cumas sláinte poiblí agus ullmhú, faireachas agus freagairt éigeandála mar réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta. Tá ról ceannasaíochta ag airí sláinte agus Rialtais eile agus ag lucht déanta beartais sa chás a chur chun cinn gur toradh í sláinte ar bheartais a leantar i réimsí eile.

Le cúram ardchaighdeán a sholáthar agus le feabhas a chur ar thorthaí sláinte i ngach réimse, éilítear córais sláinte atá inmharthana

ó thaobh airgeadais, atá oiriúnach don fheidhm, atá láraithe ar dhaoine agus atá ar an eolas ag fianaise. [3]

Tá mórán dúshlán roimh chóras sláinte na hÉireann, mar atá roimh na córais sláinte i go leor tíortha eile: saincheisteanna maidir le cumas agus rochtain ar sheirbhísí, srianta buiséid, an daonra atá ag dul in aois agus atá ag athrú, méadú ar leibhéil mhíchumas agus laghdú i líon na ndaoine atá ag obair, méadú ar mhinicíocht de go leor galar ainsealach agus forbairt de theicneolaíochtaí nua a ligeann do chóireálacha níos éifeachtaí ach atá costasach.

Tá sé mar aidhm ag “Sláinte sa Todhchaí” an Creat straitéiseach le haghaidh athchóiriú na seirbhíse sláinte, ná éifeachtacht a fheabhsú, rochtain níos fearr a thabhairt ar chúram, agus soláthraíonn sé sainordú chun dul i ngleic le riachtanais atá ag dul i méid sláinte agus folláine an phobail. Is féidir é seo a bhaint amach tríd an gcóras cúraim sláinte a dhíriú le tosaíocht a thabhairt do ghalar a chosc, feabhsú leanúnach cáilíochta a chothú, tacú a thabhairt d'fhéin-chúraim ag othair agus cúram a athlonnú chomh gar don bhaile agus is sábháilte agus is éifeachtach ó thaobh costais. [47]

A1.7 Fachtóirí Riosca agus Cosanta

Ní mór d'idirghabhálacha éifeachtacha le sláinte agus folláine an daonra a fheabhsú fachtóirí riosca a laghdú agus fachtóirí cosanta a fheabhsú.

Maidir le galar ainsealach, aithnítear go forleathan go bhfuil tionchar ag nósanna

maireachtála agus iompair dhaoine - cibé acu an gcaitheann siad tobac, cá mhéad a ólann siad, céard a itheann siad, an ndéanann siad ac láiocht go rialta – ar a sláinte agus ar an mbaol atá ann bás luath a fháil. Cuireann EDS 60 faoin gcéad den ualach galair san Eoraip i leith seacht bhfachtóir riosca: hipirtheannas, úsáid tobac, mí-úsáid alcóil, colaistéaról ard, a bheith róthrom, glacadh íseal torthaí agus glasraí agus neamhghníomhaíocht fhisiceach. [69] I measc na bhfachtóirí cosanta ná meáchan sláintiúil á choimeád ag mná roimh agus le linn toirchis, meáchan chorp a rialú, timpeallacht teaghlaigh tacúil, cothú maith, imdhíonadh, úsáid a bhaint as criosanna sábhála, úsáid a bhaint as clogaid rothair, a bheith gníomhach go fisiceach.

Maidir le meabhairshláinte, tá roinnt fachtóirí i bhfeidhm: tréithe bitheolaíochta agus síceolaíochta an duine aonair agus gnéithe an chomhthéacs shóisialta ina maireann daoine. I measc fachtóirí riosca ná breoiteacht fhisiceach nó míchumas, stair theaghlaigh d'fhadhbanna síciatracha, féinmheas íseal, stádas sóisialta, faillí mar leanbh. Áirítear sna fachtóirí cosanta ná ceangal slán, duine fásta maith amháin a bheith ann le linn na mblianta tosaigh, eispéiris dhearfacha go luath sa saol, sláinte fhisiceach mhaith agus tuiscint dhearfach ar fhéin, agus scileanna éifeachtacha saoil agus scileanna chun déileáil le fadhbanna. [70, 71] Tá tábhacht ar leith ag baint le hidirghabhálacha blianta luatha sa chomhthéacs d'fholláine mheabhrach.

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don idirghníomhú idir fadhbanna meabhairshláinte agus galar ainsealach. Tá dúlagar ina fhadhb shláinte poiblí

³ Is é córas sláinte tionól de gach eagraíocht poiblí agus phríobháideach, institiúid agus acmhainn atá sainordaithe le sláinte a fheabhsú agus a athchóiriú. Cuimsíonn córais sláinte seirbhísí pearsanta agus daonra, chomh maith le gníomhaíochtaí chun tionchar a imirt ar bheartais agus ar ghníomhartha na n-earnálacha eile chun aghaidh a thabhairt ar chinntithigh shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíochta na sláinte.



an-tábhachtach, agus is minic a bhíonn sé comhghalach le riochtaí ainsealacha. [72] Déanann fadhbanna meabhairshláinte mar atá dúlagar, nuair atá siad ann le haon riocht ainsealach atá ann cheana féin, sláinte níos measa go hincriminteach, i gcomparáid le dúlagar aonair a bheith ar an duine nó riochtaí ainsealacha aonair a bheith ag an duine. Treisíonn sé seo an gá atá le feabhas a chur ar fholláine mheabhrach mar thosaíocht sláinte phoiblí, chun ualach galair agus míchumas a laghdú, agus chun sláinte fhoriomlán na ndaonraí a fheabhsú. Is téama lárnach de Chreat Éire Shláintiúil é dul i ngleic le fachtóirí riosca agus fachtóirí cosanta do shláinte ar feadh an tsaol agus d'fholláine sna blianta luatha, chomh maith le hathléimneacht leanaí agus daoine fásta a thógáil i gcoinne angair.

A1.8 Bagairtí ar Shláinte an Daonra

I measc na mbagairtí ar shláinte an daonra d'fhéadfadh galair thógálacha agus guaiseacha comhshaoil, lena n-áirítear radaíocht, ceimiceáin, tocsainí, agus truailliú aeir a bheith i gceist. D'fhéadfadh éigeandálaí móra a theacht chun cinn mar thoradh ar thubaiste ceimiceáin nó radaíochta, bithsceimhlitheoireacht, éilliú comhshaoil, timpistí iompair nó guaiseacha comhshaoil amhail tuilte agus adhaimsir. Ós rud é go dtagann méadú ar na rioscaí mar gheall ar níos mó taistil agus trádála idirnáisiúnta, tá beartais agus gníomhaíochtaí sláinte poiblí ag teastáil, idir cinn réamhghníomhacha agus frithghníomhacha, chun leochaileacht ar imeachtaí sláinte poiblí a íoslaghdú a chuireann sláinte comhchoiteann an daonra i mbaol.

Tá naisc suntasacha ann idir sláinte agus folláine agus beartais a bhaineann le réimsí ar nós oideachas, iompar, leanaí, agus an comhshaol. I dtaca leis seo tá freagra idir-earnála agus idirnáisiúnta riachtanach agus tá go leor pleananna agus nósanna imeachta i bhfeidhm faoi láthair faoi choimirce ghinearálta Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí éagsúla: An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Oifig Pleanála Éigeandála.

Tá sláinte an daonra nasctha go dlúth le timpeallacht sláintiúil a bhraitheann ar a marthanas ar aer agus uisce glan agus ar na barra is féidir linn fás in ithir neamhfhabhtaithe. Soláthraíonn áiseanna ar nós

páirceanna foraoise deiseanna le haghaidh áineasa agus cuireann lenár dtuiscint ar an gcomhshaol, agus mar sin ag tacú le nósanna maireachtála níos sláintiúla agus ag cur lenár bhfolláine. [73]

A1.9 Cosaint Sláinte agus Timpeallachta

Tá an réimse de chomhshaol agus sláinte, sa chiall is leithne, comhdhéanta de na gnéithe sin de shláinte an duine, galar, agus gortú atá cinntithe nó atá faoi thionchar ag fachtóirí sa chomhshaol. Áirítear leis seo ní amháin ar an staidéar ar na héifeachtaí díreacha paiteolaíoch de éagsúla cheimiceacha, fisiceach, agus gníomhairí bitheolaíoch, ach freisin na héifeachtaí ar shláinte an chomhshaoil leathan fisiciúil agus sóisialta, lena n-áirítear tithíocht, forbairt uirbeach, úsáid talún agus iompar, tionscal, agus talmhaíocht. Tá cosaint shláinte an duine ina ghné bhunúsach de chosaint an chomhshaoil. [74]

Toisc go bhfuil an tionchar ag an gcomhshaol ar shláinte an duine chomh mór sin, tá cosaint an chomhshaoil le fada mar chrann taca de chleachtas sláinte poiblí. Tá tacú náisiúnta agus idirnáisiúnta ann leis na sineirgí idir sláinte agus an earnáil chomhshaoil a chur chun cinn.

Go náisiúnta, d'aithin Dréacht-Phlean Straitéiseach an GCC 2013-2015 mar thosaíocht forbairt de roinnt cur chuige níos láidre agus níos déine madir le tuiscint agus cur chun cinn den ról riachtanach a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint le sláinte an daonra a fheabhsú. [75] Trí thógáil ar na moltaí seo soláthrófar do na hearnálacha sláinte agus comhshaoil bealach le comhtháthú níos lánbhíre de shaincheisteanna comhshaoil a bhaint amach i ndéanamh beartais agus i gcinnteoireacht ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

In athbhreithniú ar an GCC i 2011, moladh neartú d'éilimint na Measúnachta Tionchair Sláinte de cheadúnú ag an GCC agus bunú de Choiste Comhairleach Sláinte reachtúil GCC, agus an cuspóir foriomlán leis ná breithniú de shláinte an duine agus gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil a chomhtháthú agus a fheabhsú a thuilleadh ar fud feidhmeanna EPA. Ba chóir don fhorbairt seo buntáiste comhoibritheach a thógáil sa réimse tábhachtach seo a bhaineann le cosaint sláinte agus comhshaoil. [76]



Go hidirnáisiúnta, leagann moladh ón gCoimisiún Eorpach do 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil AE síos na sineirgí idir brúnna comhshaoil agus sláinte. [77] Is é ceann dá chuspóirí tosaíochta “saoránaigh an AE a chosaint ó bhrúnna a bhaineann leis an gcomhshaoil agus ó rioscaí do shláinte agus folláine”.

Is léir ón litríocht agus ón tírdhreach beartais nach mór béim shuntasach ar an ngaol idir saincheisteanna comhshaoil agus sláinte a bheith mar chuid de chur chuige idir-earnála maidir le sláinte agus folláine.

Áirítear na nithe seo a leanas i gcosaint an phobail:

- Creat náisiúnta comhleanúnach cuntasach a sholáthar d’fhreagairtí tapa ar bhagairtí reatha agus iad atá ag teacht chun cinn
- freagairtí comhordaithe ar fud an Rialtais
- feidhmeanna fianaise agus faireachais
- saineolas eolaíoch, feidhmeanna micribhitheolaíochta saineolaí agus tagartha
- comhordú de chlár imdhíonta
- faisnéis agus comhairle neamhspleách do ghairmithe agus don phobal ar ghuaiseacha ar shláinte
- rannpháirtíocht le comhlachtaí reachtúla eile atá bainteach le rialáil le haghaidh aeir ghlain, uisce agus bia faoi réir reachtaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

A1.10 Polasaí Sláinte Poiblí

Is í sláinte phoiblí “an eolaíocht agus an ealaín le sláinte agus folláine a chosaint agus a chur chun cinn, drochshláinte a chosc, agus saol a shíneadh trí iarrachtaí eagraithe na sochaí”. [78]. Is iad trí réimse cleachtas na sláinte poiblí ná sláinte a chosaint, sláinte a fheabhsú agus cáilíocht na seirbhíse sláinte a fheabhsú. Cuireann na gnéithe seo a leanas de shláinte phoiblí chomhaimseartha taca faoi fhealsúnacht an Chreata Éire Shláintiúil:

- tá sé bunaithe ar an daonra,
- cuireann sé béim ar fhreagracht phearsanta agus chomhchoiteann le sláinte a chosaint agus galair a chosc,
- aithníonn sé ról na gcinntitheach socheacnamaíoch agus na gcinntitheach sóisialta níos leithne den tsláinte agus
- tógann sé comhpháirtíochtaí leo siúd a chuireann le sláinte an daonra. [79, 80]

Is í reachtaíocht na sláinte poiblí atá ann cheana féin an bunús dlí a chuireann taca faoi ghníomhaíochtaí reatha na sláinte poiblí. Meastar le fada go bhfuil dlíthe sláinte poiblí mar uirlisí riachtanacha de chleachtas na sláinte poiblí, de thairbhe gur féidir leo na coinníollacha a chruthú a chuireann ar chumas daoine saolta níos sláintiúla agus níos sábháilte a bheith acu. [81]

Nuair a bhí comhairliúchán ar siúl le haghaidh Éire Shláintiúil, aithníodh an gá a bhí le nuashonrú agus nuachóiriú a dhéanamh ar reachtaíocht sláinte poiblí le freastal ar riachtanais an 21ú hAois, .i. athrú go freagairtí atá bunaithe ar rioscaí agus atá modhnaithe, le déileáil le gach bagairt agus ní le bagairtí galar teagmhálach amháin, mar is gá de réir na Rialachán Idirnáisiúnta Sláinte (RIS) agus an cinneadh atá le teacht ar Bhagairtí Trasteorann an AE.

A1.11 Fianaise le Dul i nGleic le Rioscaí ar Shláinte

In ainneoin na saincheisteanna tromchúiseacha atá os comhair sláinte agus folláine poiblí, tá cuid mhaith de na riochtaí atá le sárú inchoiscthe, agus is féidir iad a aisiompar do chuid mhór daoine atá ag fulaingt faoi láthair. Trí cheithre phríomhiompraíochtaí níos maireachtála cosanta a chomhcheangal: a bheith gníomhach, gan tobac a chaitheamh, alcól a ól laistigh de na treoirlínte molta agus méideanna molta de torthaí agus glasraí a ithe, d'fhéadfadh iad a chur le chéile le suas le go faoin gcéad de chineál-2 diaibéiteas, 80 faoin gcéad de ghalar croí corónach agus ar a laghad 40 faoin gcéad de na hailsí a sheachaint. [82, 83] I sampla eile, léiríodh go méadaíonn obair dheonach agus rannpháirtíocht an phobail féin-mhuinín agus athléimneacht, go ndéanann sé dúlagar a chomhrac agus leibhéal ghníomhaíochta fhisiciúla a chothabháil.

Cé go bhfuil sé ar eolas go bhfuil ithe mar is ceart, aclaíocht a dhéanamh, tobac a sheachaint agus alcól a ól laistigh de na teorainneacha molta go maith don tsláinte, tá sé ar eolas chomh maith go bhfuil níos mó ná an t-eolas sin amháin i gceist chun athrú iompair fad-téarma nó bríoch a bhrú ar aghaidh. Is é an dúshlán ata ag lucht déanta beartas meicníochtaí tacaíochta agus struchtúir a chruthú chun athruithe den sórt sin in iompar a éascú, ag cur le chéile cur chuige daonra agus cur chuige aonair (ard-riosca). [84] Ní féidir é seo a bhaint amach

ach amháin nuair a ghlacann an Rialtas go léir agus an tsochaí go léir a bpáirt.

Tá reachtaíocht faoi láthair agus leanfaidh sí ar aghaidh le bheith ina uirlis tábhachtach agus ina tiománaí le feabhsúcháin i sláinte phoiblí a éascú. Baineadh amach an chuid is mó d'éachtaí sláinte tábhachtacha san fhichiú haois, amhail táirgí tobac a rialú, feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, feabhas a chur ar an láthair oibre, feabhas a chur ar shábháilteacht bia, uisce, sláintíocht, tithíocht agus cáilíocht an aeir, agus galair thógálacha a rialú, le tacaíocht ó reachtaíocht. [85]

Tugann beartais agus cláir ghalarchoisc bunaithe ar fhianaise athrú iompair dearfach, tá siad éifeachtach ó thaobh costais, is féidir leo costais cúraim sláinte a laghdú agus, an rud is tábhachtaí, féadfaidh siad cáilíocht na beatha agus rannpháirtíocht in obair, oideachas agus an tsochaí a fheabhsú. Mar sin féin, tá an rath lena leithéid sin de bheartais agus de chláir ag brath ar chaighdeán a mbonn-fhianaise, a bpleanála agus a bhforfheidhmithe, agus ar an rannpháirtíocht tras-earnála is leithne is féidir.

Tá straitéisí cuimsitheacha a bhaineann le seirbhísí comhtháite agus idirghabhálacha comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar raon cinntitheach ag teastáil chun teacht ar “mais chriticiúil” - ceann a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aici, mar shampla ar leibhéal ghníomhaíochta fhisiciúla nó ar an aiste bia, trí athruithe bunúsacha i noirm sóisialta a ghiniúint. [84]

A1.12 Sláinte agus Folláine a fheabhsú trí Chur Chuige Saolré

Trí shláinte agus folláine a thacú ag gach céim de shaol an duine, d'fhéadfadh ionchas saoil méadaithe a bheith mar thoradh air, agus blianta breise á maireachtáil i sláinte mhaith. Cuirtear tús le feabhas a chur ar shláinte agus ar chothromas sláinte i dtoirchis agus luath-óige. Táirgeann cur chuige comhtháite maidir le folláine leanaí agus forbairt luath leanaí torthaí níos cothroime agus níos fearr i gcúrsaí sláinte agus san oideachas. (EEDS 2020) Foghlaimíonn leanaí sláintiúla ar bhealach níos fearr, tá daoine fásta sláintiúla níos táirgiúla, agus is féidir le daoine scothaosta sláintiúla leanúint ar aghaidh ag cur go gníomhach leis an tsochaí. Trí dhaoine a chumhachtú ar feadh a tsaoil, cruthófar dálaí níos fearr do shláinte.

A1.13 Idirghabháil Luath a Chur in Ord Tosaíochta

Tá sláinte, folláine, foghlaim agus forbairt leanaí nasctha go dlúth, agus is é an t-am is éifeachtaí chun idirghabháil a dhéanamh i dtaca le neamhionannais a laghdú agus feabhas a chur ar torthaí sláinte agus folláine roimh bhreith agus i luath-óige.

Tríd an tús is fearr sa saol a thabhairt do gach leanbh, soláthraítear dá bhforbairt mhothúchánach agus fhisiciúil, dá bhfáil scileanna cognaíocha, teanga agus sóisialta agus dá dtógáil d'athléimneacht a thacóidh



leo tríd an saol. Léiríodh idirghabháil sna luathbhlianta mar infheistíocht mhaith, de thairbhe go dtugann sé ráta níos airde tuairisceáin ná atá i gceist le hidirghabháil níos déanaí. (Figiúr 1). [51]

Ina athbhreithniú ar neamhionannais a laghdú sa Ríocht Aontaithe, d'aithin an tOllamh Michael Marmot an cuspóir, "An Tús is Fearr a Thabhairt do Leanaí" mar an ceann is tábhachtaí i measc na gcuspóirí go léir, toisc gurbh é sin an ceann is dócha, bunaithe ar thaighde, a dhéanfadh neamhionannais sa tsochaí a laghdú. [49]

Tá naisc láidre idir sláinte na máithreacha agus sláinte a gcuid leanaí, agus naisc chomh láidir sin idir sláinte na máithreacha agus a gcúinsí socheacnamaíocha. Tá idirghabháil luath roimh bhreith chomh ríthábhachtach


sin is atá tacaíocht leanúnach a thabhairt le linn luathbhlianta an linbh. Luann tuarascáil 2005 ar shláinte mháthartha ó EDS: 'Mothers and children need a continuum of care from pre-pregnancy, through pregnancy and childbirth, to the early days and years of life'. [86]

A1.14 Aoisíú Dearfach agus Sláintiúil

Tá aoisiú sláintiúil ríthábhachtach maidir le spriocanna an Chreata beartais seo a bhaint amach, agus tá a ghineas aige sula saolaítear muid agus bíonn tionchar air ar fud an tsaoil. Tá aoisiú sláintiúil ina mhór-rannpháirtí maidir leis an mbearna i sláinte agus folláine idir grúpaí socheacnamaíocha agus idir fir agus mná a dhúnadh.

Bíonn tionchar ar phatrúin sláinte, tinnis agus galair ag céimeanna éagsúla de shaol an duine, agus bíonn éifeachtaí ar feadh an tsaoil ag a dtarlaíonn le linn na mblianta luatha. [49] D'fhéadfadh tionchar a bheith ag príomhchéimeanna saoil agus príomhphointí trasdula ar shláinte an duine trí dhaoine a bhogadh ar chosán lena bhfuil níos mó nó níos lú buntáiste i gceist. Mar sin féin, tugann siad deiseanna le haghaidh idirghabhála, mar shampla le seirbhísí sláinte, institiúidí oideachais agus fostóirí. [50]

Is sprioc ríthábhachtach é den Chreat beartais seo tacú le daoine chun taitneamh a bhaint as cúrsa saoil sláintiúil agus gníomhach, ag tosú sa bhroinn agus ag leanúint trí aois óige, ógántacht, aosacht agus isteach in aois níos sine.



Figiúr 5: Rátaí fillidh ar infheistíocht i gcaipiteal daonna

AGUISÍN 2 - PRIONSABAIL EITICIÚLA ÉIRE SHLÁINTIÚIL

Cothromas: Tá sé mar aidhm ag prionsabail an chothromais íoslghdú a dhéanamh ar dhifríochtaí insheachanta sláinte, agus ar chinntithigh shóisialta sláinte, idir grúpaí daoine a bhfuil leibhéil éagsúla buntáiste shóisialta acu. Cuireann cothromas deis chóir ar fáil do gach duine a acmhainneacht iomlán sláinte a bhaint amach, chomh fada agus is féidir.

Cothroime: Ciallaíonn cothroime dáileadh cóir tairbhí agus ualaí dóchúla na bpolasaithe sláinte poiblí i measc an phobail.

Comhréireacht: Ciallaíonn prionsabal na comhréireachta gur gá dóibh siúd atá ag déanamh breithniú ar theorainn a chur le cearta pearsanta ar mhaithe le polasaí sláinte poiblí srianta ar bith a chothromú leis an ngá sóisialta atá le cur isteach. Go héifeachtach, caithfear cinneadh go bhfuil cúis mhaith leis an gcur isteach beartaithe agus go bhfuil sé cuí sa chás atá i gceist.

Oscailteacht agus Cuntasacht: Ciallaíonn prionsabail na hoscailteachta agus na cuntasachta gur gá d'fhoirmlíú an pholasaí sláinte phoiblí a bheith oscailte agus go mbeidh na daoine is mó a dtéann próiseas na cinnteoireachta i bhfeidhm orthu páirteach ann. Ar mhaithe leis seo a bhaint amach, ba chóir go mbeadh teacht ag an bpobal ar eolas bainteach, lena n-áireofaí tuiscint ar choimhlintí bunúsacha agus sainleasanna atá in iomaíocht lena chéile. Má tá cuntasacht airgeadais, ghairmiúil agus eagraíochtúil cinnte, beidh ceapadh polasaí sláinte poiblí atá ar ardchaighdeán, éifeachtúil agus costéifeachtach mar thoradh air seo, agus neartóidh sé seo muinín an phobail chomh maith.

Dlúthpháirtíocht: Is gníomh comónta é sláinte phoiblí a bhfuil sé mar aidhm léi sláinte agus leas na ndaoine go léir a chosaint. Príomhréimse den dlúthpháirtíocht ná go roinneann an pobal na tairbhí, na rioscaí agus na hualaí a bhaineann le polasaithe sláinte poiblí. Go bunúsach, léiríonn dlúthpháirtíocht tiomantas comónta d'íoc as m.sh. "costais" airgeadais, shóisialta, mhothúchána nó eile ar mhaithe le cabhrú le daoine eile. D'fhéadfadh sé seo a bheith ag baint le cúisí taobh istigh nó taobh amuigh de tíortha. Ó thaobh sláinte dhomhanda de, ciallaíonn dlúthpháirtíocht gur chóir go mbeadh sé mar aidhm ag tíortha atá níos saibhre ó thaobh acmhainní de cabhrú le tíortha níos boichte atá ar bheagán acmhainní chun cumas sláinte poiblí a thógáil, mar shampla.

Inbhuanaitheacht: Tugann inbhuanaitheacht ar an tsochaí córais eacnamaíocha, shóisialta agus timpeallachta a chaomhnú agus a fheabhsú ionas gur féidir leis an bpobal anois agus amach anseo saol sláintiúil, táirgiúil agus tairbheach a chaitheamh.



AGUISÍN 3 - GIORRÚCHÁIN A ÚSÁIDEADH LE CUR SÍOS A DHÉANAMH AR CHOMHPHÁIRTITHE

RT	Roinn an Taoisigh
RS	An Roinn Sláinte
RITS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
RLGÓ	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
RCPRÁ	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
GTLT	An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh (ar feitheamh bhunú)
BTS	An Bord Taighde Sláinte
ISP	An Institiúid um Shláinte Phoiblí
CSL	Coistí um Sheirbhísí do Leanaí
CBCC	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
CS	An Chomhairle Spóirt
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RDCC	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
CPD	Comhlachtaí Pobail agus Deonacha

1. EDS. Ottawa Charter for Health Promotion First International Conference on Health Promotion Ottawa, 21 November 1986 - EDS/HPR/HEP/95.1. 1986.
2. EDS, Preamble to the Constitution of the World Health Organization as adopted by the International Health Conference, New York, 19-22 June, 1946; signed on 22 July 1946 by the representatives of 61 States (Official Records of the World Health Organization, no. 2, p. 100) and entered into force on 7 April 1948. 1946.
3. EDS. Health 2020. Policy Framework and Strategy, 2012.
4. EDS, Strengthening Mental Health promotion. Mental health is not just the absence of mental disorder 2001, EDS: An Ghinéiv.
5. Aked J, J. Michaelson, agus N. Steuer, The role of local government in promoting wellbeing. Healthy Communities Programme. 2010.
6. POS, Census 2011. 2012, An Phríomh-oifig Staidrimh: Baile Átha Cliath.
7. Balanda, K.P., S. Barron, agus L. Fahy, Making Chronic Conditions Count: Hypertension, Coronary Heart Disease, Stroke, Diabetes. A systematic approach to estimating and forecasting population prevalence on the island of Ireland. Executive Summary., i 2010, An Institiúid um Shláinte Phoiblí: Baile Átha Cliath.
8. An Institiúid um Shláinte Phoiblí, Diabetes Briefing. 2012.
9. An Institiúid um Shláinte Phoiblí, Chronic Airflow Obstruction Briefing. 2012.
10. An Institiúid um Shláinte Phoiblí, Hypertension Briefing. 2012.
11. An Institiúid um Shláinte Phoiblí, CHD Briefing. 2012.
12. An Roinn Sláinte, Health in Ireland. Key Trends 2012. 2012.
13. An Chlárlann Náisiúnta Ailse, Cancer in Ireland 2011: Annual report of the National Cancer Registry. 2011.
14. An Chlárlann Náisiúnta Ailse, Cancer projections 2005-2035. . 2008, An Chlárlann Náisiúnta Ailse: Corcaigh.
15. Ferlay, J., et al., GLOBOCAN 2008, Cancer Incidence and Mortality Worldwide: . 2010, An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse; Lyon.
16. Morgan, K., et al., SLÁN 2007: Survey of Lifestyle, Attitudes & Nutrition in Ireland. Main Report. 2008, An Roinn Sláinte agus Leanaí: Baile Átha Cliath.
17. Growing up in Ireland, Growing up in Ireland. Key findings: Infant cohort at 3 years. 2011.
18. Layte, R. agus C. McCrory, Growing up in Ireland. National Longitudinal Study of Children. Overweight and Obesity in nine year olds. 2011.
19. Barrett, A., et al., Fifty Plus in Ireland 2011 First results from the Irish Longitudinal Study on Ageing (TILDA). 2011.
20. Madden, D., The socioeconomic Gradient of Obesity in Ireland 2010, Institiúid Geary, COBÁC: Baile Átha Cliath.
21. Comh-fhoilseachán EDS/EBT, Expert Consultation on Diet, Nutrition and the Prevention of Chronic Diseases. 2003, EDS: An Ghinéiv. Ich. 95-104.
22. EDS, The global burden of disease: 2004 update. 2008.
23. McManus, S., et al., Adult Psychiatric Morbidity in England, 2007: Results of a household survey. . 2009, Lárionad faisnéise NHS um shláinte agus cúram sóisialta: Leeds.
24. Scoliers, G., et al., Reasons for adolescent deliberate self-harm: a cry of pain and/or a cry for help? Findings from the child and adolescent self-harm in Europe (CASE) study. Síciatracht Sóisialta agus Eipidéimeolaíocht Síciatrach, 2009. 44(8): Ich. 601-607.
25. NOSP, National Office for Suicide Prevention (2010). Annual Report 2009. 2010, FSS: Baile Átha Cliath.
26. Eurostat, Suicide death rate: By age group. 2009.
27. Daly A, Walsh D. Irish Psychiatric Hospitals and Units Census. Dublin: Health Research Board, 2002.
28. EDS, Impact of economic crises on mental health. 2011.
29. Nic Gabhainn, S., C. Murphy, agus HBSC Ireland Team, Smoking behaviour among schoolchildren in Ireland. Factsheet 1. 2010.
30. Brugha, R., et al., SLÁN 2007: Survey of Lifestyle, Attitudes and Nutrition in Ireland. Smoking Patterns in Ireland: Implication for policy and services, 2009, An Roinn Sláinte agus Leanaí: Baile Átha Cliath.
31. Howell, F. Smoking related discharges, bed days and costs in the acute hospital sector. in he Faculty of Public Health Medicine RCPI Summer meeting, page 21. Dublin. 2011. Baile Átha Cliath.
32. ECFE, OECD Health Data 2012 - Frequently Requested Data. 2012.
33. Lyons, S., et al., Alcohol-related deaths and deaths among people who were alcohol dependent in Ireland, 2004 to 2008. 2011, An Bord Taighde Sláinte: Baile Átha Cliath.

34. Martin J, Barry J, Goggin D, Morgan K, Ward M, O'Suilleabhain T. Alcohol-Attributable Mortality in Ireland. *Alcohol and Alcoholism* 2010: 1ch. 1-8.
35. Coiste Náisiúnta Comhairleach ar Dhrugaí, Drug use in Ireland and Northern Ireland First results from the 2010/11 Drug Prevalence Survey. 2011: Baile Átha Cliath.
36. An Bord Taighde Sláinte, Drug-related deaths and deaths among drug users in Ireland. 2011.
37. PCRS Data 2005-2010.
38. POS, Vital Stats Q 4 and Annual Summary 2011. 2012.
39. HPSC, Annual Report Health Protection Surveillance Centre 2011. 2012.
40. McBride O, K. Morgan agus H. McGee, Irish Contraception and Crisis Pregnancy Study, 2010 A Survey of the General Population. 2012.
41. Swift R, The relationship between health and GDP in OECD countries in the very long run. *Health Economics*; 20(3): 1ch. 306-322.
42. Freysson L. General Government expenditure trends 2005-2010: EU countries compared 2011, Eurostat.
43. Perry I agus Dee A. The cost of overweight and obesity on the island of Ireland, 2012.
44. Byrne S. Costs to Society of Problem Alcohol Use in Ireland. 2010, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Baile Átha Cliath.
45. Sainghrúpa ar Bheartas Meabhairshláinte, A Vision for Change. Report of the Expert Group on Mental Health Policy. 2006.
46. Benson B, Storey E, Huntingdon C, Eberle M, Ferris A. The Economic Impact of Prevention. C.f.P.H.a.H. Policy, Eagarthóir. 2008, Ollscoil Connecticut: Connecticut.
47. An Roinn Sláinte, Future Health. A strategic Framework for reform of the Health Service 2012 -2015. 2012.
48. FGS McClure Watters, Investing for Health Strategy Review. 2010.
49. Marmot M. The Marmot Review. Fair Society, Healthy Lives. The Strategic Review of Health Inequalities in England Post -2010. 2010.
50. Musingarimi P. A Life Course Approach to Tackling Obesity. 2008.
51. Heckman JJ. Skill Formation and the Economics of Investing in Disadvantaged Children. *Science* 312(5782): p. 1900-1902.
52. POS, Census of population 2011, preliminary results. 2011.
53. POS, Profile 2. Older and Younger. 2012.
54. Eurostat. http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/statistics/search_database.
55. Foresight. Foresight Mental Capital and Wellbeing Project. Final report. Executive Summary. 2008, Oifig an Rialtais um Eolaíocht: Londain.
56. Bennett K, Kabir Z, Unal B, Shelley E, Critchley J, Perry I, et al. Explaining the recent decrease in coronary heart disease mortality rates in Ireland, 1985–2000. *J Epidemiol Community Health* 2006. 60(4): p. 322-327.
57. An Phríomh-oifig Staidrimh, Mortality Differentials in Ireland. 2010, POS: Baile Átha Cliath.
58. An Roinn Sláinte agus Leanaí, Tackling Chronic Disease. A Policy Framework for the Management of Chronic Diseases, RSL, Eagarthóir. 2008: Baile Átha Cliath.
59. EDS. Promoting mental health: concepts, emerging evidence, practice: a report of the World Health Organization, Department of Mental Health and Substance Abuse in collaboration with the Victorian Health Promotion Foundation and the University of Melbourne. 2005, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: An Ghinéiv.
60. FSS, HSE Health Promotion Strategic Framework. 2011.
61. Dahlgren G, Whitehead M. Policies and strategies to promote social equity in health. Background document to WHO – Strategy paper for Europe. 1991, An Institiúid um Staidéir Thodhchaíocha: Stóicólm.
62. Grant M, Barton H. A health map for the human habitat. *Journal of the Royal Society for the Promotion of Public Health* 2006. 126(6): p. 252-261.
63. CSDH. Closing the gap in a generation: health equity through action on the social determinants of health. Final Report of the Commission on Social Determinants of Health. 2008, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: An Ghinéiv.
64. EDS, Health Promotion Glossary. 1998: An Ghinéiv.
65. Marmot M, Allen J, Bell R, Bloomer E, Goldblatt P. WHO European review of social determinants of health and the health divide. *Lancet* 2012. 380(9846).

66. EDS. Interim report on social determinants of health and the health divide in the WHO European Region, 2010.
67. Bambra C, Joyce K, Maryon-Davis A. Strategic Review of Health Inequalities in England post-2010 (Marmot Review) Task Group 8: Priority public health conditions Final report. 2009.
68. EDS, The Tallinn Charter: Health Systems for Health and Wealth. 2008, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip: Cóbanhávan.
69. EDS, The European Strategy for the Prevention and Control of Non-communicable Diseases. 2006, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip: Cóbanhávan.
70. Dooley B agus Fitzgerald A. My World Survey. National Study of Youth Mental Health in Ireland. 2012.
71. Jenkins R, McCulloch A, Friedli L, Parker C. Developing a national mental health policy. 2003, Psychology Press: Londain.
72. Moussavi S, Chatterji S, Verdes E, Tandon A, Patel V, Ustun B. Depression, chronic diseases, and decrements in health: results from the World Health Surveys. *The Lancet* 2007. 370(9590): lch. 851-858.
73. An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Our Sustainable Future. A Framework for Sustainable Development for Ireland. 2012.
74. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Understanding the links between the environment, human health and wellbeing. STRIVE Study. 2010, An Lárionad Taighde Comhshaoil: Loch Garman.
75. EPA. Draft EPA Strategic Plan 2013-2015, 2012.
76. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Ireland's Environment An Assessment. 2012, EPA: Loch Garman.
77. An Coimisiún Eorpach, Proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council on a General Union Environment Action Programme to 2020 "Living well, within the limits of our planet". 2012, An Coimisiún Eorpach: An Bhruiséil.
78. Acheson D. Public Health in England: The Report of the Committee of Inquiry into the Future Development of the Public Health Function. 1988: Londain.
79. Beaglehole R, Bonita R. *Public Health at the Crossroads*: Cambridge University Press, 2004.
80. DH / PHE-TT. Healthy Lives, Healthy People: Towards a workforce strategy for the public health system. 2012.
81. Gostin L. *Public health law: power, duty, restraint* Berkeley and New York: University of California Press and Milbank Memorial Fund, 2008.
82. EDS. Gaining Health The European Strategy for the Prevention and Control of Non-communicable Diseases. 2006, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip: Cóbanhávan.
83. Peto R. The Fraction of Cancer Attributable to Lifestyle and Environmental Factors in the UK in 2010. *British Journal of Cancer* 2011. Imleabhar 105(S2 (S1-S81)).
84. ECFE. *Obesity and the Economics of Prevention*. Fit not Fat, 2010.
85. Goodman RA, Moulton. A, Mathews G, Shaw F, Kocher P, Mensah G, et al. Law and Public Health at CDC. *MMWR* 55 2006. 55(Supl 2): lch. 29-33.
86. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, The World health report : 2005 : make every mother and child count. 2005, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: An Ghinéiv.
87. EDS na hEorpa agus an Lárionad Eorpach um Bheartas Sláinte, Health Impact Assessment: main concepts and suggested approach. Gothenburg consensus paper. 1999.
88. An Institiúid um Shláinte Phoiblí, Proposed Sugar Sweetened Drinks Tax: Health Impact Assessment (HIA) Report. 2012, An Institiúid um Shláinte Phoiblí: Baile Átha Cliath.
89. Doll R, Peto R, Wheatley K, Gray R, Sutherland I. Mortality in relation to smoking: 40 years' observations on male British doctors. *BMJ* 1994;309:901-911.
90. Perry IJ, Corcoran P, Fitzgerald AP, Keeley HS, Reulbach U, Arensman E. The Incidence and Repetition of Hospital-Treated Deliberate Self Harm: Findings from the World's First National Registry. *PLoS ONE* 2012;7(2):e31663.





An Roinn Sláinte
Teach Haicín
Sráid Haicín
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teileafón: +353 (0)1 635 4000

www.doh.ie